An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Anailís ar an dara comhairliúchán poiblí ar an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas

Lúnasa 2024

# Clár na nÁbhar


Achoimre fheidhmeach ..... 5

Comhthéacs ..... 9

Eolas maidir le freagróirí ..... 11

Stádas uathachais ..... 11

Aois ..... 12

Inscne ..... 12

Suíomh ..... 13

Ionadaíocht ghrúpa ..... 13

Eagraíochtaí ..... 14

Teanga ..... 14

Inrochtaineacht na teanga ..... 15

Téarmaíocht ..... 16

Struchtúr ..... 18

Breithniúcháin inrochtaineachta eile ..... 18

Rud amháin a thaitin le daoine ..... 19

Athrú éifeachtach ..... 19

Uileghabhálacht bunaithe ar chearta ..... 20

Rannpháirtíocht le daoine uathacha ..... 20

Réimsí gnímh sonracha ..... 21

Cúram sláinte agus sóisialta ..... 21

Oideachas: An timpeallacht bunscoile agus iar-bhunoideachais ..... 22

Feachtas glactha agus tuisceana ..... 22

Oiliúint maidir le huathachas ..... 22

Sainroghanna grúpa ..... 23

Réimsí feabhais ..... 23

Cúram sláinte agus sóisialta ..... 24

Rochtain ar mheasúnú ..... 24

Oiliúint maidir le huathachas ..... 24

Seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d’ógánaigh ..... 25

Seirbhísí meabhairshláinte d’aosaigh ..... 26

Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile ..... 26

Oiliúint maidir le huathachas i suíomhanna oideachais ..... 27

Scolaíocht ionchuimsitheach ..... 27

Tacaíocht d’idirbhlianta scoile agus do thaithí oibre ... 28
Teicneolaíocht chúnta i scoileanna ... 28
Oiliúint maidir le hUathachas i gcomhthéacs oideachais ... 28
Oiliúint néaraidhearbhaitheach ... 28
Rannpháirtíocht daoine uathacha ... 29
Oiliúint don tseirbhís phoiblí a threisiú ... 29
Cur leis an oiliúint atá ar fáil in earnálacha éagsúla ... 29
Réimsí feabhais eile ... 29
Fostaíocht ... 30
Feachtas glactha agus tuisceana ... 30
Foghlaim agus cúram na luath-óige ... 30
Tacaíocht do thuismitheoirí ... 30
Rochtain: timpeallacht thógtha agus dearadh ... 31
Freagróirí aonair: anailís ar dhifríochtaí idir grúpaí ... 31
Rangú gníomhartha molta ... 32
Gníomhartha rangaithe ag freagróirí aonair ... 32
Gníomh 10: Cúram sláinte agus sóisialta ... 32
Gníomh 6: Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil ... 33
Gníomh 1: Feachtas glactha agus tuisceana ... 33
Gníomh 2: Oiliúint maidir le huathachas ... 33
Gníomh 8: Fostaíocht ... 34
Freagróirí aonair: anailís ar dhifríochtaí idir grúpaí ... 35
Rangú gníomhartha na bhfreagróirí eagraíochta ... 35
Feachtas glactha agus tuisceana: spriocphobal ... 36
Freagróirí aonair: spriocghrúpaí ... 36
Freagróirí eagraíochta: spriocghrúpaí ... 37
Spriocphobail agus teachtaireachtaí saincheaptha ... 38
Feachtas glactha agus tuisceana: príomhtheachtaireachtaí ... 39
Dúshlán míthuiscintí agus steiréitíopaí a thabhairt ... 39
Feasacht ar chleachtais ionchuimsitheacha a mhúscailt ... 40
Aird a tharraingt ar chearta aonair agus ar chomhionannas ... 40
Béim a leagan ar éagsúlacht an uathachais ... 40
Néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil a mhíniú agus tacú lena leithéid ... 41
Teachtaireachtaí eile sainaitheanta ... 41
Tuairimí eile ... 42
Níos mó comhordaithe agus comhoibrithe ... 42

Torthaí intomhaiste agus maoiniú ..... 42
Reachtaíocht ..... 42
Ionadaíocht do mhná agus do chailíní uathacha ..... 43
Aosaigh uathacha ..... 43
Diúltú d'idirghabhálacha iompair ..... 43
Réimsí eile ..... 43

## Achoimre fheidhmeach

I mí Aibreáin 2021, ar Lá Domhanda Feasachta ar Uathachas, d'fhógair an tAire Stáit le freagracht speisialta as Míchumas, Anne Rabbitte, go raibh sé beartaithe aici straitéis náisiúnta nua maidir leis an uathachas a fhorbairt, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Is é an aidhm atá leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas díriú ar na dúshláin agus ar na bacainní ar leith a mbíonn ar dhaoine uathacha déileáil leo, agus an tuiscint agus an bealach a bhfreastalaítear ar uathachas sa tsochaí agus ar fud na hearnála poiblí a fheabhsú. Cuimsítear sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas gníomhartha a chuirfear i gcrích ar fud an rialtais chun tacú ar bhealach níos fearr le daoine uathacha agus lena dteaghlaigh thar thréimhse 18 mhí.

Cuirfidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le agus feabhsóidh sí an beartas ata forbartha agus á fhorbairt trí dhíriú ar réimsí lena mbaineann dúshláin nó riachtanais ar leith do dhaoine uathacha - dúshláin nó riachtanais nach bhfuiltear ag díriú orthu laistigh den soláthar príomhshrutha faoi láthair. Is í sprioc na Straitéise a chinntiú gur féidir freastal ar riachtanais go hinbhuanaithe mar chuid de sholáthar príomhshrutha agus tuiscint agus inniúlacht shochaíoch níos ginearálta maidir le huathachas a fheabhsú.

Gné lárnach den obair a bhain le forbairt na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas ba ea comhairliúchán leis an bpobal uathach. Tá achoimre le fáil sa doiciméad seo ar an aiseolas a fuarthas mar chuid den dara comhairliúchán poiblí. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin seo tuairimí daoine uathacha, a dteaghlach agus a lucht tacaíochta a lorg faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas. Úsáidfear an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí chun an Straitéis a chur i gcrích.

Reáchtáladh na snáitheanna difriúla den dara comhairliúchán poiblí ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas idir Eanáir agus Aibreán 2024. Fáiltíodh roimh fhreagairtí trí shuirbhé ar líne (SuirbhéAE), suirbhé soléite agus aighneachtaí i scríbhinn idir an 9 Feabhra agus an 1 Márta 2024. Tá achoimre le fáil sa tuarascáil seo ar na freagairtí a fuarthas tríd an suirbhé ar líne agus trí na haighneachtaí i scríbhinn.

Le cois an tsuirbhé ar líne agus an chuiridh chun aighneachtaí i scríbhinn a fháil, reáchtáladh comhairliúchán spriocdhírithe le cohóirt" nach gcloistear a dtuairimí go minic" (i.e. leanaí uathacha agus daoine uathacha neamhlabhartha/ar bheagán cainte). Chomh maith leis sin, reáchtáladh cruinniú le Grúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, ar daoine néara-éagsúla iad formhór de bhaill an Ghrúpa agus daoine ag a bhfuil dearcthaí saineolacha faoin uathachas.

Tríd is tríd, fuarthas 353 freagairt ar an dara comhairliúchán poiblí tríd an suirbhé ar líne agus trí na haighneachtaí i scríbhinn. I measc na bhfreagairtí sin, tháinig 19 bhfreagairt ó eagraíochtaí agus tháinig 334 freagairt ó dhaoine aonair.

I measc an 334 freagróir aonair, daoine uathacha ba ea 156 (47%) duine nó shíl siad go mb'fhéidir gur daoine uathacha iad.

I measc an 156 freagróir, bhain 28 freagróir leis an gcatagóir aoise idir 18–24 bliain d'aois; bhí 96 freagróir idir 25–49 bliain d'aois; bhí 22 freagróir idir 50–64, bhí 2 fhreagróir idir 65–79 agus níor shonraigh 8 bhfreagróir an chatagóir lenar bhain siad.

Achoimre Fheidhmeach, Tábla 1: Miondealú aoise na bhfreagróirí uathacha

| Aoisraon | Líon na bhfreagróirí uathacha |
|---|---|
| 18-24 | 28 |
| 25-49 | 96 |
| 50-64 | 22 |
| 65-79 | 2 |
| Ní mian liom a rá | 8 |
| Iomlán | 156 |

Maidir le hinscne, chuir 113 (73%) de dhaoine uathacha in iúl gur mná iad, chuir 27 (17%) in iúl gur fir iad, chuir 11 (7%) in iúl gur bhain siad le grúpa eile agus níor fhreagair ceathrar an cheist. Ar fud na tuarascála seo, tugadh aird ar leith ar thuairimí freagróirí uathacha.

Thug 186 duine ar fad le fios gur tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh iad, agus thug thart ar an gcúigiú cuid (44) díobh seo le fios gur daoine uathacha iad freisin.

I measc an 186 freagróir a thug le fios gur tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh iad, bhain 131 díobh leis an gcatagóir aoise 25–49 bliain d'aois; Bhí 47 de na daoine sin idir 50–64 bliain d'aois, bhí 5 idir 65–79 bliain d'aois agus chinn triúr gan a gcatagóir aoise a chur in iúl.

I measc an 19 n-aighneacht a fuarthas ó eagraíochtaí, fuarthas 12 aighneacht ó eagraíochtaí a thacaíonn le daoine uathacha, fuarthas trí haighneacht ó Eagraíochtaí Daoine Faoi Mhíchumas, fuarthas dhá haighneacht ó chomhlachtaí reachtúla, aighneacht amháin ó eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta, agus aighneacht amháin ó ghrúpa parlaiminteach.

Mar chuid den suirbhé ar líne agus de na haighneachtaí i scríbhinn, iarradh ar na freagróirí roinnt faisnéise bunúsaí déimeagrafaí a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, iarradh orthu a dtuairimí a roinnt maidir le gnéithe difriúla den Dréachtstraitéis, lena n-áirítear:

- Soiléire agus inrochtaineacht na teanga a úsáideadh
- An rud is mó a thaitin leo
- Na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú dar leo
- Na réimsí gnímh is tábhachtaí dar leo
- Na spriocphobail agus na príomhtheachtaireachtaí a bheadh mar bhonn le feachtas glactha agus tuisceana faoin uathachas, agus
- Aon ráiteas eile.

Bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go raibh an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis soiléir agus inrochtana den chuid is mó, go raibh an téarmaíocht measúil agus ionchuimsitheach, agus go raibh an struchtúr dea-eagraithe. Tharraing a measúnú dearfach aird ar an bpointe go raibh teanga rótheicniúil á seachaint, go raibh úsáid mhaith á bhaint as

ceannteidil, agus go raibh téarmaíocht agus giorrúcháin á míniú. Bhí neart daoine ag tacú le húsáid a bhaint as an téarma aitheantais 'duine uathach' agus as an teanga néaraidhearbhaitheach a úsáideadh. Thug roinnt freagróirí le fios go raibh siad sásta go raibh leagan soléite den Dréachtstraitéis ar fáil. Glacadh leis seo mar bhealach chun inrochtaineacht an doiciméid do raon níos leithne páirtithe leasmhara a fheabhsú.

Fiafraíodh de fhreagróirí, daoine aonair agus eagraíochtaí, tagairt do rud amháin faoin Dréachtstraitéis a thaitin leo. Bhí an anailís a rinneadh ar a gcuid freagraí mar bhonn le ceithre théama ar leith a fhorbairt ar fianaise iad ar na rudaí is mó a thaitin le freagróirí. Is téamaí leathana iad trí théama: athrú éifeachtach, uileghabhálacht bunaithe ar chearta agus rannpháirtíocht le daoine uathacha. Freastalaíonn an ceathrú téama ar na ceithre réimse gnímh shonracha is mó a thaitin le freagróirí. Seo a leanas iad in ord tosaíochta: cúram sláinte agus sóisialta, oideachas, an feachtas glactha agus tuisceana poiblí, agus oiliúint maidir le huathachas do sheirbhísí poiblí.

Fiafraíodh de gach freagróir trí réimse gnímh a roghnú sa Dréachtstraitéis a shíl siad a d'fhéadfaí a fheabhsú agus ansin tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir leis na cúiseanna a bhí lena gcuid roghanna. Seo a leanas na trí phríomhréimse feabhais a sainaithníodh:

1. Cúram sláinte agus sóisialta (27%)
2. Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile (20%), agus
3. Oiliúint maidir le huathachas (9%).

Lasmuigh den trí phríomhréimse feabhais, sainaithníodh na réimsí seo freisin (in ord tosaíochta):

4. Fostaíocht (8%)
5. Feachtas glactha agus tuisceana (7%)
6. Foghlaim agus cúram na luath-óige (6%)
7. Tacaíocht do thuismitheoirí (5%), agus
8. Rochtain: timpeallacht thógtha agus dearadh (5%).

Fiafraíodh de fhreagróirí na cúig phríomhréimse gnímh sa Dréachtstraitéis a rangú in ord tábhachta a mheas siad a mbeadh an tionchar is dearfaí acu. Chomh fada is a bhain leis na freagróirí aonair agus eagraíochta, seo a leanas na réimsí a bhí i measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta - cúram sláinte agus sóisialta, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile agus oiliúint maidir le huathachas.

Chomh maith leis sin, i measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta ar thagair freagróirí aonair dóibh bhí an feachtas glactha agus tuisceana agus fostaíocht. I measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta ar thagair freagróirí eagraíochta dóibh bhí rannpháirtíocht le daoine uathacha agus foghlaim agus cúram na luath-óige.

Achoimre Fheidhmeach, Tábla 2: Réimsí tosaíochta faoin Straitéis i measc freagróirí aonair

| Réimse téamach | Céatadán na bhfreagróirí aonair |
|---|---|
| Cúram sláinte agus sóisialta | 18% |
| Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile | 13% |

| | |
|---|---|
| Feachtas glactha agus tuisceana | 11% |
| Oiliúint maidir le huathachas | 10% |
| Fostaíocht | 9% |

Baineann ceann de na gníomhartha molta sa Dréachtstraitéis le feachtas feasachta agus glactha maidir le huathachas a reáchtáil. Fiafraíodh de fhreagróirí faoin ngrúpa ar liosta ar leith ba cheart spriocdhíriú air mar chuid d'aon fheachtas glactha agus tuisceana. Seo a leanas miondealú ar na freagróirí aonair: an pobal i gcoitinne 144 (43%), gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais 66 (20%), gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta 58 (18%) agus oibrithe na hearnála poiblí 17 (5%).

Sainaithníodh raon spriocghrúpaí sna haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí. Leagadh béim i roinnt aighneachtaí eagraíochta agus aonair ar an bpointe gur cheart go mbeadh feachtas éifeachtach faoin uathachas dírithe ar raon spriocphobal agus go mbeadh teachtaireachtaí saincheaptha luaite le gach spriocghrúpa. Chuir dhá eagraíocht samplaí ar fáil de theachtaireachtaí spriocdhírithe le haghaidh spriocghrúpaí sonracha.

Achoimre Fheidhmeach, Tábla 3: Spriocdhéimeagrafach d'fheachtas glactha agus tuisceana faoin uathachas

| Spriocdhéimeagrafach | Céatadán na bhfreagróirí |
|---|---|
| An Pobal i gCoitinne | 43% |
| Gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais | 20% |
| Gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta | 18% |
| Oibrithe na hearnála poiblí | 5% |
| Eile | 14% |

Sainaithníodh i ndiaidh anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí ar fad cúig phríomhtheachtaireacht ba cheart a chur san áireamh in aon fheachtas glactha agus tuisceana, agus moladh go mbeadh an méid seo a leanas á dhéanamh ag a leithéid d'fheachtas:

- Dúshlán míthuiscintí agus steiréitíopaí a thabhairt
- Feasacht ar chleachtais ionchuimsitheacha a mhúscailt
- Aird a tharraingt ar chearta aonair agus ar chomhionannas
- Béim a leagan ar éagsúlacht a bhaineann leis an uathachas agus
- Néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil a mhíniú agus tacú lena leithéid

Roinn freagróirí roinnt tuairimí eile i ndáil leis an Dréachtstraitéis. Baineann formhór na dtuairimí seo leis na réimsí gnímh ar fad. Ina measc bhí:

- Iarratais ar ghníomhartha a fheabhsaíonn an comhordú agus an comhoibriú idir seirbhísí poiblí;
- Mianta maidir le hAschur intomhaiste agus sonraí maoinithe don Straitéis,

- Reachtaíocht chun cearta daoine uathacha a threisiú,
- Ionadaíocht do mhná agus do chailíní uathacha,
- Béim níos láidre ar dhaoine fásta uathacha, agus diúltú d'idirghabhálacha iompraíochta.

Chomh maith leis sin, tharraing roinnt freagróirí aird ar réimsí eile ar shíl siad ba cheart a chur san áireamh sa Straitéis, cosúil le tithíocht agus maireachtáil chuidithe, cumhdach agus rannpháirtíocht pholaitiúil.

## Comhthéacs

Le fáil i *gClár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile* tá gealltanas maidir le gníomh i ndáil leis an uathachas. I mí Aibreáin 2021, ar Lá Domhanda Feasachta ar Uathachas, d'fhógair an tAire Stáit le freagracht speisialta as Míchumas, Anne Rabbitte, go raibh sé beartaithe aici straitéis náisiúnta nua maidir leis an uathachas a fhorbairt, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, chun tacú leis an ngealltanas seo.

Is é an aidhm atá leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas díriú ar na dúshláin agus ar na bacainní ar leith a mbíonn ar dhaoine uathacha déileáil leo, agus an tuiscint agus an bealach a bhfreastalaítear ar uathachas sa tsochaí agus ar fud na hearnála poiblí a fheabhsú. Cuimsítear sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas gníomhartha a chuirfear i gcrích ar fud an rialtais chun tacú ar bhealach níos fearr le daoine uathacha agus lena dteaghlaigh thar thréimhse 18 mhí.

Cuirfidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le agus feabhsóidh sí an beartas ata forbartha agus á fhorbairt trí dhíriú ar réimsí lena mbaineann dúshláin nó riachtanais ar leith do dhaoine uathacha - dúshláin nó riachtanais nach bhfuiltear ag díriú orthu laistigh den soláthar príomhshrutha faoi láthair. Is í sprioc na Straitéise a chinntiú gur féidir freastal ar riachtanais go hinbhuanaithe mar chuid de sholáthar príomhshrutha agus tuiscint agus inniúlacht shochaíoch níos ginearálta maidir le huathachas a fheabhsú.

Cuirfidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le agus feabhsóidh sí na hiarrachtaí athchóirithe níos leithne atá á ndéanamh trí dhíriú ar réimsí ina mbíonn ar dhaoine uathacha déileáil le dúshláin uathúla. Tá an *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais 2024–2026* ag croílár iarrachtaí athnuaite athchóirithe straitéisigh ar mhaithe le feabhsuithe seirbhíse inbhraite a chur ar fáil do gach duine a bhfuil seirbhísí míchumais ag tacú leis nó léi, lena n-áirítear daoine uathacha, mar shampla.

Ar an gcuma chéanna, i gcomhthéacs na seirbhísí míchumais do leanaí, déantar iarracht i *dTreochlár um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026* déileáil leis na dúshláin shuntasacha atá le sárú ag Foirne Líonra do Leanaí faoi Mhíchumas (FLLManna), lena n-áirítear liostaí feithimh, folúntais foirne agus níos mó éilimh ar sheirbhísí agus Measúnuithe Riachtanas.

Chomh maith leis sin, tá Straitéis Náisiúnta Míchumais nua á forbairt chun treoirphlean a sholáthar, atá á forbairt i gcomhpháirt le daoine faoi mhíchumas lena n-áirítear daoine uathacha agus a ngrúpaí ionadaíocha, ar mhaithe le cur chun feidhme leanúnach

Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chearta agus d'ionchuimsiú gach duine faoi mhíchumas.

Ar an mbealach céanna, agus de réir ghealltanas na hÉireann do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, bhí baint ag daoine uathacha agus a dteaghlaigh, cairde, comhoibrithe, ionadaithe agus líonraí tacaíochta i bhforbairt na Straitéise um Nuálaíocht Uathachais ón tús.

Reáchtáladh comhairliúchán tosaigh chun bonn eolais a chur ar fáil do dhearadh agus d'fhorbairt na Straitéise idir Aibreán agus Bealtaine 2022. Fuarthas 51 aighneacht chuimsitheach, lena n-áirítear roinnt aighneachtaí ó bhrateagraíochtaí a thiomsaigh líon mór freagraí óna mbaill. Foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh anailís ar na haighneachtaí i mí Aibreáin 2023. Bhí ról lárnach ag na príomhthorthaí a sainaithníodh sa tuarascáil i ndáil le bonn eolais a chruthú do dhréacht tosaigh na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas.

Seoladh an dara céim den phróiseas forbartha, lena n-áirítear próiseas iarratais le haghaidh ballraíocht i nGrúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, i mí Meithimh 2022. Ceapadh an grúpa i mí na Nollag 2022 agus reáchtáladh an cruinniú grúpa is déanaí i mí Eanáir 2024. Is daoine néara-éagsúla iad formhór de bhaill an ghrúpa agus ina measc freisin tá daoine uathacha, gairmithe, tuismitheoirí agus eagraíochtaí. Beidh príomhról ag an ngrúpa i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise nuair a bheidh glactha léi agus i ndáil le comhairle a sholáthar chun obair uile-rialtais ar uathachas a threorú.

I ndiaidh fhoilsiú na chéad tuarascála comhairliúcháin agus ceapadh Ghrúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, cuireadh tús leis an obair a bhain le dréachtú na Straitéise. Reáchtáladh plé suntasach déthaobhach le Ranna Rialtais ábhartha agus le gníomhaireachtaí reachtúla chun gníomhartha a shainaithint chun freagairt do na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu sa chomhairliúchán poiblí. I rith an phróisis seo, rinneadh breithniú mionsonraithe freisin ar na moltaí a rinne an Comhchoiste Oireachtais ar Uathachas. Foilsíodh an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas i mí Feabhra 2024, i dteannta le leagan soléite den Dréachtstraitéis.

Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin chun deis bhreise a thabhairt don phobal uathach agus dá lucht tacaíochta a dtuairimí maidir leis an Straitéis a roinnt sula gcuirfear i gcrích agus sula seolfar í.

Bhí snáitheanna éagsúla sa phróiseas comhairliúcháin. Fáiltíodh roimh aighneachtaí i scríbhinn, freagairtí do shuirbhé ar líne agus freagairtí suirbhé soléite idir an 9 Feabhra agus an 1 Márta 2024. Lena chois sin, reáchtáladh comhairliúchán spriocdhírithe le cohóirt a sainaithníodh mar chohóirt "nach gcloistear a dtuairimí go minic" i rith an chéad chomhairliúcháin. Reáchtáladh agallaimh aonair agus ghrúpa, ar fhreastail daoine orthu agus a rinneadh ar líne, le leanaí uathacha agus daoine óga agus daoine uathacha neamhlabhartha agus ar bheagán cainte. Tá tuarascálacha a bhaineann leis na comhairliúcháin spriocdhírithe seo á bhfoilsiú ar leithligh. Chomh maith leis sin, reáchtáladh cruinniú de Ghrúpa Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise um Nuálaíocht Uathachais chun an Dréachtstraitéis a phlé.

Tá achoimre le fáil sa tuarascáil chomhairliúcháin seo ar an aiseolas a fuarthas tríd an suirbhé ar líne (SuirbhéAE) agus trí na haighneachtaí i scríbhinn. Mar chuid den chomhairliúchán, fiafraíodh de fhreagróirí a dtuairimí maidir le gnéithe difriúla den Dréachtstraitéis a roinnt, lena n-áirítear:

- Soiléire agus inrochtaineacht na teanga a úsáideadh
- An rud is mó a thaitin leo
- Na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú dar leo
- Na réimsí gnímh is tábhachtaí dar leo
- Na spriocphobail agus na príomhtheachtaireachtaí a bheadh mar bhonn le feachtas glactha agus tuisceana faoin uathachas, agus
- Aon ráiteas eile.

Fáiltíodh roimh fhreagairtí ó aon duine a bhfuil sé aige nó aici a t(h)uairimí faoin Dréachtstraitéis a roinnt. Go háirithe, fáiltíodh roimh aighneachtaí ó dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh, cairde, ionadaithe agus príomhlucht tacaíochta.

## Eolas maidir le freagróirí

Fuarthas 353 freagairt ar fad ar an dara comhairliúchán poiblí ar an Dréachtstraitéis. As measc na bhfreagairtí seo, fuarthas 19 bhfreagairt ó eagraíochtaí agus 334 freagairt ó dhaoine aonair. Rinneadh difreáil idir eagraíochtaí de réir cineáil. Fiafraíodh de fhreagróirí aonair roinnt faisnéise bunúsaí déimeagrafaí a chur ar fáil faoina stádas uathachais, catagóir aoise (má tá sé nó sí aitheanta mar dhuine uathach nó más tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh é nó í, nó más duine uathach é nó í), aitheantas grúpa, inscne (más duine uathach é nó í) agus an cineál ceantair ina bhfuil cónaí air nó uirthi.

### Stádas uathachais

I measc an 334 freagairt aonair, bhí 156 (47%) aitheanta mar dhuine uathach nó shíl siad go mb'fhéidir gur daoine uathacha iad, bhí 148 (44%) aitheanta mar dhuine neamhuathach, ní raibh a fhios ag 25 (7.5%), agus chinn 5 (1.5%) gan aon eolas a chur ar fáil sa chomhthéacs seo.

Tábla 1: Aitheantas freagróirí aonair

| Aitheantas freagróirí | Líon na bhfreagróirí |
|---|---|
| Uathach | 156 |
| Neamhuathach | 148 |
| Níl a fhios agam | 25 |
| Ní mian liom a rá | 5 |
| Iomlán | 334 |

## Aois

As measc an 334 freagróir aonair, fiafraíodh díobh siúd a bhí aitheanta mar dhuine uathach nó mar thuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh a gcatagóir aoise a shonrú.

I measc an 156 freagróir a bhí aitheanta mar dhuine uathach, bhí 28 freagróir idir 18–24 bliain d'aois, bhí 96 freagróir idir 25–49 bliain d'aois, bhí 22 freagróir idir 50–64 bliain d'aois, bhí beirt fhreagróirí idir 65–79 bliain d'aois, agus chinn ochtar bhfreagróirí gan aon eolas a chur ar fáil sa chomhthéacs seo. Ní raibh aon fhreagróir a bhí aitheanta mar dhuine uathach sa chatagóir aoise 80+ bliain d'aois.

I measc an 186 freagróir a bhí aitheanta mar thuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh, bhí 131 freagróir idir 25–49 bliain d'aois, bhí 47 freagróir idir 50–64 bliain d'aois, bhí 5 freagróir idir 65–79 bliain d'aois, agus chinn triúr freagróirí gan aon eolas a chur ar fáil sa chomhthéacs seo. Ní raibh aon fhreagróir a bhí aitheanta mar thuismitheoirí nó caomhnóirí duine uathaigh sa chatagóir aoise 18–24 bliain d'aois nó 80+ bliain d'aois.

Tábla 2: Miondealú aoise na bhfreagróirí uathacha

| Aoisghrúpa (bliain d'aois) | Líon na bhfreagróirí uathacha |
|---|---|
| 18-24 | 28 |
| 25-49 | 96 |
| 50-64 | 22 |
| 65-79 | 2 |
| Ní mian liom a rá | 8 |

Tábla 3: Miondealú aoise ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí

| Aoisghrúpa (bliain d'aois) | Líon na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí |
|---|---|
| 18-24 | 0 |
| 25-49 | 131 |
| 50-64 | 47 |
| 65-79 | 5 |
| Ní mian liom a rá | 3 |
| Iomlán | 186 |

## Inscne

I measc an 156 freagróir aonair uathach, seo a leanas an miondealú ar inscne: bhí 113 (73%) aitheanta mar mhná, bhí 28 (17%) aitheanta mar fhir, bhí 11 (7%) aitheanta mar ghrúpa eile, agus chinn ceathrar (3%) gan aon eolas a chur ar fáil sa chomhthéacs seo.

Tábla 4: Inscne na bhfreagróirí uathacha

| Inscne | Líon na bhfreagróirí uathacha |
|---|---|
| Baineann | 113 |
| Fireann | 28 |
| Eile | 11 |
| Níor thug freagra | 4 |
| Iomlán | 156 |

## Suíomh

I measc an 334 freagróir aonair, d'fhreagair 331 duine an cheist maidir leis an gcineál ceantair ina raibh cónaí orthu: bhí cónaí ar 158 (48%) i gcathair nó i mbaile mór, bhí cónaí ar 113 (34%) i mbaile beag nó i sráidbhaile, agus bhí cónaí ar 60 (18%) faoin tuath.

## Ionadaíocht ghrúpa

Fiafraíodh den 334 freagróir aonair eolas a thabhairt maidir le cén líon grúpaí is fearr a rinne ionadaíocht orthu. D'fhéadfadh freagróirí níos mó ná grúpa amháin a roghnú chun eolas maidir lena n-aitheantas éagsúil a chur ar fáil. Ciallaíonn sé sin go mbeadh na figiúirí seo a leanas cothrom le líon iomlán na mboscaí roghnaithe (511) seachas líon iomlán na bhfreagróirí aonair:

- 156 (47%) "Is duine uathach mé"
- 186 (56%) "Is tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh mé"; agus chuir 44 (24%) díobh in iúl gur daoine uathacha iad freisin
- 48 (14%) "Is duine muinteartha le duine uathach mé"
- 38 (11%) "Is cúramóir duine uathaigh mé"
- 36 (11%) "Is gairmí oideachais mé"
- 26 (8%) "Is gairmí cúraim sláinte agus shóisialta mé"
- 18 (5%) "Eile", agus
- 3 (1%) "Tá mé ag tacú le duine uathach chun an suirbhé seo a líonadh".

I measc an 156 freagróir aonair a bhí aitheanta mar dhuine uathach, bhí 44 freagróir (28%) aitheanta mar thuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh, bhí 27 freagróir (17%) aitheanta mar dhuine muinteartha le duine uathach, bhí 15 fhreagróir (10%) aitheanta mar chúramóir duine uathaigh, bhí naonúr bhfreagróirí (6%) aitheanta mar ghairmí oideachais, agus bhí ochtar bhfreagróirí (5%) aitheanta mar ghairmí cúraim sláinte agus shóisialta.

### Eagraíochtaí

I measc an 19 bhfreagróir eagraíochta, eagraíochtaí a thacaíonn le daoine uathacha ba ea 12 eagraíocht, lena n-áirítear eagraíochtaí seachbhrabúsacha, eagraíochtaí deonacha, brateagraíochtaí agus eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine uathacha; Eagraíochtaí Daoine Faoi Mhíchumas ba ea trí eagraíocht; comhlachtaí reachtúla ba ea dhá eagraíocht; eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta ba ea eagraíocht amháin; agus grúpa parlaiminteach ba ea eagraíocht amháin. Thagair go leor de na heagraíochtaí seo do chomhairliúchán níos ginearálta lena ngrúpaí ballraíochta chun bonn eolais a chur ar fáil dá bhfreagairtí aighneachta.

Tábla 5: Miondealú ar aighneachtaí eagraíochta

| Catagóir na heagraíochta | Líon na n-aighneachtaí |
|---|---|
| Eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha | 12 |
| Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas | 3 |
| Comhlacht reachtúil | 2 |
| Eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta | 1 |
| Grúpa parlaiminteach | 1 |
| Iomlán | 19 |

## Teanga

Fiafraíodh de fhreagróirí measúnú a dhéanamh ar shoiléire agus ar inrochtaineacht na teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas. Bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go raibh an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis soiléir agus inrochtana den chuid is mó, go raibh an téarmaíocht measúil agus ionchuimsitheach, agus go raibh an struchtúr dea-eagraithe. Tharraing a measúnú dearfach aird ar an bpointe go raibh teanga rótheicniúil á seachaint, go raibh úsáid mhaith á bhaint as ceannteidil, agus go raibh téarmaíocht agus giorrúcháin á míniú. Bhí neart daoine ag tacú le húsáid a bhaint as an téarma aitheantais ‘duine uathach’ agus as an teanga néaraidhearbhaitheach a úsáideadh sa Straitéis. Thug roinnt freagróirí le fios go raibh siad sásta go raibh leagan soléite den Dréachtstraitéis ar fáil. Glacadh leis seo mar bhealach chun inrochtaineacht an doiciméid do raon níos leithne páirtithe leasmhara a fheabhsú.

I measc an 324 duine a d’fhreagair an cheist seo maidir le teanga, d’fhreagair breis is 90% de na freagróirí “Is dóigh” nó “Go pointe áirithe” nuair a fiafraíodh an cheist seo a leanas: “An dóigh leat go bhfuil an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas soiléir agus inrochtana?”. Seo a leanas na miondealú ar an freagairtí: “Is dóigh”180 (56%), “Go pointe áirithe” 120 (37%) agus “Ní dóigh” 24 (7%). Nuair a fiafraíodh de na freagróirí níos mó a rá faoin teanga a úsáideadh, bhí roinnt freagróirí a d’fhreagair “Ní dóigh” nó nár fhreagair an cheist a cuireadh níos túisce an-dearfach. Is fianaise é sin go ndéantar gannmheas áirithe ar an anailís ar na sonraí cainníochtúla chomh fada is a bhaineann le cé

chomh dearfach a mhothaigh freagróirí faoi shoiléire agus faoi inrochtaineacht na teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis.

I measc an 324 duine a d'fhreagair an cheist seo maidir le teanga, thug 140 duine le fios gur daoine uathacha iad. I measc na bhfreagróirí uathacha, d'fhreagair breis is 90% "Is dóigh" (49%) nó "Go pointe áirithe" (42%) nuair a fiafraíodh an cheist seo, agus d'fhreagair 13 (9%) "Ní dóigh". Cosúil leis seo freisin tá an fhreagairt dhearfach fhoriomlán sa 16 haighneacht eagraíochta a d'fhreagair an cheist seo: 9 "Is dóigh", 6 "Go pointe áirithe" agus 1 "Ní dóigh".

Tábla 6: Miondealú ar na freagairtí ar an gceist seo a leanas: An dóigh leat go bhfuil an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas soiléir agus inrochtana?

| An cineál freagróra | Is dóigh | Go pointe áirithe | Ní dóigh |
|---|---|---|---|
| Gach freagróir aonair | 180 | 120 | 24 |
| Freagróirí uathacha | 68 | 59 | 13 |
| Eagraíochtaí | 9 | 6 | 1 |

## Inrochtaineacht na teanga

Bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go raibh an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis réasúnta soiléir agus inrochtana. Tharraing a measúnú réasúnta dearfach aird AR an bpointe go raibh teanga rótheicniúil á seachaint, go raibh úsáid mhaith á bhaint as ceannteidil, agus go raibh téarmaíocht agus giorrúcháin á míniú:

> "Bhí sé soiléir agus éasca le léamh, níl an teanga atá in úsáid róchasta." (duine uathach)

> "Ní raibh aon deacracht agam leis an bpáipéar a léamh. Tá an teanga a úsáidtear soiléir agus achomair, mínítear giorrúcháin. Níl aon fhocal casta in úsáid." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> "I ndiaidh dúinn an Dréachtstraitéis a léamh, táimid den tuairim go bhfuil an teanga atá in úsáid soiléir agus inrochtana. Tá an téarmaíocht measúil agus ionchuimsitheach, tá téarmaí nó giorrúcháin rótheicniúla á seachaint. Mínítear na coincheapa laistigh de gach príomhcholún ar bhealach simplí rud a chabhraíonn le spriocphobal leathan iad a thuiscint." (Eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta)

Bhí roinnt freagróirí den tuairim go raibh an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis róchasta, áfach, agus go bhféadfaí tairbhe a bhaint as Béarla simplí chun a chinntiú go mbeadh an Dréachtstraitéis níos inrochtana. Moladh chomh maith go raibh féidearthacht ann úsáid a bhaint as pointí le hurchair chun abairtí a shimpliú, go háirithe na habairtí sin ina raibh cur síos á dhéanamh ar na gníomhartha a bhí beartaithe:

> "Creideann [ár n-eagraíocht] go bhfuil an leibhéal teanga sa straitéis ag leibhéal ró-ard don ghnáthléitheoir." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha; bunleagan as Gaeilge)

"D'fhéadfadh seirbhís Bhéarla shimplí cabhrú chun an fhoclaíocht a dhéanamh níos inrochtana. Cabhraíonn achoimrí, pointí le hurchair agus íomhánna roimh chodanna móra de théacs le gach spriocphobal ní hamháin [daoine néara-éagsúla]." (duine uathach)

"B'fhéidir go bhféadfaí aidhmeanna na straitéise nuálaíochta a roinnt i bpointí le hurchair níos gonta…dóibh siúd a bhfuil deacracht léitheoireachta acu nó deacrachtaí díriú ar rudaí, lena n-áirítear pictiúir a chur ar fáil chun tuiscint a éascú." (duine uathach)

## Téarmaíocht

Bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go raibh an téarmaíocht a úsáideadh sa Dréachtstraitéis measúil agus ionchuimsitheach. Bhí neart daoine ag tacú le húsáid a bhaint as an téarma aitheantais 'duine uathach' agus as an teanga néaraidhearbhaitheach a úsáideadh:

"Tríd is tríd, tá mé fíorshásta leis an rud ar fad. Teanga shoiléir, ionchuimsitheach, thuisceanach." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

"Tá an teanga soiléir. Cúis áthais dom go bhfuil iarrachtaí dáiríre déanta chun úsáid a bhaint as teanga neáraidhearbhaithe sa Straitéis ar fad." (tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh; duine muinteartha le duine uathach)

"Chomh maith leis sin, creidimid gur fianaise í an úsáid atá á baint as teanga aitheantais sa Dréachtstraitéis go nglacann go leor daoine Uathacha leis gur gné thábhachtach agus lárnach dá n-aitheantas é an tUathachas, agus dá dtaithí ar a bheith ina gcónaí i sochaí na hÉireann." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

Tugadh faoi deara, i rith na hanailíse ar an 334 aighneacht ó fhreagróirí aonair gur úsáid 42 duine (13%) ceannlitir nuair a d'úsáid siad na téarmaí 'Uathachas' agus 'Uathach'. I measc an 42 duine seo, bhí 17 nduine aitheanta mar dhaoine uathacha, thug cúigear daoine le fios nach raibh a fhios acu agus thug 20 duine le fios gur daoine neamhuathacha iad. I measc an 19 n-aighneacht eagraíochta, d'úsáid 3 (15%) eagraíocht ceannlitir nuair a d'úsáid siad na téarmaí 'Uathachas' agus 'Uathach'. Ní dhearnadh tagairt in aighneachtaí na bhfreagróirí do neamh-cheannlitriú na dtéarmaí seo i dtéacs na Dréachtstraitéise. Ainneoin gur thug formhór na bhfreagróirí le fios go raibh siad ag tacú leis an téarma 'duine uathach', cuireadh san áireamh go bhforbraíonn téarmaíocht agus go bhfuil conspóid fós ag baint le húsáid an téarma:

"Mórphointe aiseolas atá ag eascairt as an obair atáimid ag déanamh chun tacú le daoine óga is ea, de réir a chéile gur fearr le go leor daoine uathacha úsáid a bhaint as na téarmaí 'néara-éagsúlacht'/'néara-éagsúil' seachas 'uathachas'/'uathacha', le haghaidh roinnt cúiseanna éagsúla: ar an gcéad dul síos, glactar le huathachas/NSU [neamhord de chuid speictream an uathachais] mar rud atá mínormálta go síceolaíoch agus stiogmatach in intinn daoine áirithe; agus mar gheall ar liostaí feithimh fada agus costais iomarcacha a bhaineann le seirbhís phríobháideach a fháil, bíonn go leor daoine ag streachailt chun diagnóis oifigiúil uathachais a fháil le haghaidh tréimhse

fhada. Dá réir sin, go minic glactar le néara-éagsúlacht mar théarma atá níos ginearálta agus níos ionchuimsithí, a thugann aitheantas freisin don éagsúlacht atá le tabhairt faoi deara sa phobal seo agus do thrasnachas go leor riochtaí néara-éagsúla lena n-áirítear uathachas, NHEA [neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde], disléicse, diospraicse, etc." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

Tábla 7: Ceannlitriú 'uathach' i measc freagróirí

| | Ceannlitrithe | Neamh-cheannlitrithe |
|---|---|---|
| Freagróirí aonair uathacha | 17 | 139 |
| Freagróirí aonair neamhuathacha | 20 | 128 |
| Freagróirí aonair nach raibh a fhios acu an duine uathacha iad | 5 | 20 |
| Freagróirí aonair nach raibh ag iarraidh a rá an daoine uathacha iad nó nach ea | 0 | 5 |
| Eagraíochtaí | 3 | 16 |
| Iomlán | 45 | 308 |

Thagair freagróirí don úsáid a baineadh as téarmaí sonracha áirithe. Léiríodh na tuairimí seo a leanas faoi théarmaí áirithe:

- Tá gá le míniú (e.g. 'néaraidhearbhaitheach', 'néara-éagsúlacht', 'oiriúnach don uathachas' agus 'go hiomlán ionchuimsitheach')
- Tá gá le míniú níos túisce sa doiciméad (e.g. 'cárta JAM'), agus
- Ní rabhthas ag teacht le héiteas néaraidhearbhaitheach an doiciméid (e.g. 'riocht', 'diagnóis' agus 'neamhlabhartha').

Tarraingíodh aird ar roinnt ábhar imní a bhain le ganntanas téarmaí sonracha ón doiciméad agus chiallaigh sé sin go raibh gá le míniú (e.g. 'speictream', 'siondróm Asperger' agus 'NSU'). I measc na n-ábhar imní eile bhí an tuairim nár léirigh an teanga a úsáideadh sa Dréachtstraitéis na leibhéil riachtanais éagsúla atá le tabhairt faoi deara i measc daoine uathacha:

"Ainneoin go n-aontaím gur cheart deireadh a chur le húsáid a bhaint as na téarmaí ardfheidhmiúla agus ísealfheidhmiúla, ní aontaím leis an tuiscint gur chart deireadh a chur le húsáid na lipéad agus úsáid a bhaint as teanga uile-ionchuimsitheach. Creidim go bhfuil a leithéid mar bhonn le leanaí/aosaigh uathacha a homaiginiú. Baintear úsáid as na leibhéil seo go ginearálta agus tá siad cabhrach i suíomhanna cliniciúla de bhrí gur cuid den aistear iad na suíomhanna cliniciúla, ainneoin go mb'fhéidir nach dtaitneodh sé sin linn." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

Tá an teanga atá in úsáid faoi láthair as dáta agus ní léiríonn sí riachtanais daoine uathacha. Is cosúil go bhfuil an phríomhbhéim á leagan ar dhaoine ag a bhfuil riachtanais thacaíochta níos soiléire agus ní chuirtear san áireamh go ndéileálann go leor daoine uathacha le fadhbanna ar bhealach inmheánaithe agus gur cosúil go bhfuil riachtanais thacaíochta ísle acu." (comhlacht reachtúil)

Moladh go rachadh sé chun tairbhe an doiciméid dá gcuirfí gluais leis:

"D'fhéadfaí an Straitéis a fheabhsú trí ghluais de théarmaíocht choiteann a chur léi, lena n-áirítear téarmaí cosúil le 'iompar athfhillteach', 'ceilt', 'néaraitipiciúil', 'NSU' etc." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

## Struchtúr

Bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go raibh an Dréachtstraitéis leagtha amach go soiléir ó thaobh struchtúir agus úsáid fo-cheannteideal de:

"Tá sé roinnte in ailt agus i gcaibidilí agus i bpointí le hurchair. Is cinnte go gcabhraíonn sé sin liomsa mar dhuine uathach an dréachtbheartas a thuiscint." (duine uathach; duine muinteartha le duine uathach).

"Chabhraigh na rannóga agus ceannteidil chun topaicí a shórtáil agus d'éascaigh siad súil thapa a chaitheamh ar an doiciméad agus cinneadh a dhéanamh go tapa maidir leis na gnéithe den doiciméad ar cheart díriú orthu." (duine uathach; tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh; gairmí oideachais)

"Tá sé soiléir, achomair agus sothuigthe. Tá cuma mhaith ar struchtúr an doiciméid." (gairmí oideachais)

Rinne freagróirí roinnt moltaí maidir le conas a bhféadfaí struchtúr na Dréachtstraitéise a fheabhsú. Ina measc bhí:

- Fógraí físiúla
- Ailt agus ceannteidil níos soiléire
- Níos lú tagartha/gan tagairt ar bith do dhoiciméid eile sa phríomhthéacs
- Níos mó treorach d'úsáideoirí faoi chuspóir na rannóg
- Míniúcháin níos fearr ar na táblaí sonraí, agus
- Athbhreithniú ar an gcóras uimhrithe agus/nó struchtúr an "Tábla Gníomhartha".

## Breithniúcháin inrochtaineachta eile

Thug roinnt freagróirí le fios go raibh siad buíoch go raibh leagan soléite den Dréachtstraitéis ar fáil go héasca. Glacadh leis seo mar bhealach chun inrochtaineacht an doiciméid do raon níos leithne páirtithe leasmhara a fheabhsú. Chomh maith leis sin, foilsíodh leagan soléite de cheisteanna an tsuirbhé. Cúis imní do dhaoine áirithe, áfach, nach raibh dóthain sonraí le fáil sa leagan soléite den Dréachtstraitéis:

> "Thaitin an leagan soléite go mór liom. Oireann sé dom an forléargas ardleibhéil a léamh sula dtosaím ag léamh doiciméid níos casta nó is maith liom súil a chaitheamh fiú ar an rannóga sa leagan fada a raibh níos mó faisnéise ag teastáil uaim fúthu." (duine uathach)

> "Thugamar faoi deara freisin go bhfuil leagan soléite den Dréachtstraitéis ar fáil. Tá seo tábhachtach freisin de bhrí go gcinntíonn sé inrochtaineacht do spriocphobal níos mó, lena n-áirítear daoine aonair ag a bhfuil leibhéil dhifriúla litearthachta, chumais chognaíocha agus néara-éagsúlachta." (eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta)

> "Bhain ár mbaill úsáid as an leagan soléite ach b'éigean dúinn tagairt a dhéanamh don phríomhdhoiciméad go leanúnach de bhrí go bhfuil i bhfad níos mó sonraí le fáil sa doiciméad sin. Ba cheart go mbeadh doiciméad soléite, chomh fada agus is féidir, mionsonraithe, faisnéiseach AGUS inrochtana." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

Chuir roinnt freagróirí in iúl gur mhaith leo dá gcuirfí an Dréachtstraitéis agus a comhairliúchán poiblí ar fáil i bhformáidí difriúla, eadhon trí Ghaeilge, mínitheoirí físeáin, leaganacha fuaime agus leaganacha dóibh siúd a bhfuil Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach (CMB) in úsáid acu.

## Rud amháin a thaitin le daoine

Fiafraíodh de fhreagróirí, daoine aonair agus eagraíochtaí, tagairt do rud amháin faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas a thaitin leo. Bhí an anailís a rinneadh ar a gcuid freagraí mar bhonn le ceithre théama ar leith a fhorbairt ar fianaise iad ar na rudaí is mó a thaitin le freagróirí. Is téamaí leathana iad trí théama: athrú éifeachtach, uileghabhálacht bunaithe ar chearta agus rannpháirtíocht le daoine uathacha. Freastalaíonn an ceathrú téama ar na ceithre réimse gnímh shonracha is mó a thaitin le freagróirí.

Seo a leanas iad in ord tosaíochta: cúram sláinte agus sóisialta, oideachas, an feachtas glactha agus tuisceana, agus oiliúint maidir le huathachas do sheirbhísí poiblí. Chomh maith leis sin rinneadh comparáidí idir na difríochtaí maidir leis na rudaí is fearr a thaitin le daoine uathacha agus le freagróirí aonair eile, agus idir tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha agus gach freagróir aonair eile. Tá an anailís ar an méid a thaitin leis na freagróirí faoin Dréachtstraitéis le fáil thíos.

### Athrú éifeachtach

Thaitin gnéithe den Dréachtstraitéis a bhaineann leis an téama dar teideal "athrú éifeachtach" le go leor freagróirí. Bhain freagróirí tairbhe as cuimsitheacht na Straitéise agus as an tslí ar clúdaíodh raon leathan réimsí gnímh a bhí ábhartha do shaol laethúil daoine uathacha. Chomh maith leis sin, thaitin sé leo go raibh gníomhartha sonracha nasctha le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí a bhí freagrach as iad a sheachadadh. Cuimsíodh sa téama seo meas na bhfreagróirí ar uaillmhian na Straitéise agus suntas a foilsithe:

> “Is fianaise í an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas in Éirinn ar fheasacht shochaíoch níos mó ar uathachas [agus] is ionann í agus dul chun cinn a bheith á dhéanamh de réir a chéile chomh fada is a bhaineann le haitheantas a thabhairt do riachtanais shonracha daoine uathacha. Is fianaise í an Straitéis a bheith curtha i dtoll a chéile go raibh torthaí fiúntacha ar an obair atá á déanamh ag grúpaí tacaíochta.” (duine uathach)

> “Mar eagraíocht atá ag obair le teaghlaigh agus ag tacú le tuismitheoirí, cúis áthais dúinn go bhfuil iarracht á déanamh ag an Rialtas dul i mbun comhairle faoi agus taighde a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun difríocht a dhéanamh i saol daoine uathacha in Éirinn. Cabhróidh an tréimhse 18 mhí atá sonraithe chun na gníomhartha a chur i gcrích mar aon le fís go mbeadh an Straitéis ag feidhmiú mar ardán de ghnéithe tábhachtacha a bheidh mar bhonn le [a] sochaí níos uathachas-ionchuimsithí chun an obair a dhéanamh agus is fianaise í ar an tábhacht a bhaineann le hathrú.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

> “D’fhéadfadh do chuid iarrachtaí difríocht shuntasach a dhéanamh do shaol daoine uathacha agus a dteaghlaigh. Trí straitéisí nuálacha a fhorbairt atá saincheaptha dá riachtanais, tá obair á déanamh chun sochaí níos ionchuimsithí agus níos tacúla a chruthú.” (comhlacht reachtúil)

### Uileghabhálacht bunaithe ar chearta

D’fháiltigh freagróirí roimh an mbéim a bhí á leagan ar chuir chuige bunaithe ar chearta sa Dréachtstraitéis. Thaitin éiteas ionchuimsitheach, atá bunaithe ar chearta agus néaraidhearbhaithe na gceithre cholún uathu atá mar bhonn leis na gníomhartha atá beartaithe. Chomh maith leis sin, thaitin ionchuimsitheacht na teanga néaraidhearbhaithe a úsáideadh leo, a raibh aird tarraingthe uirthi cheana féin sa rannóg “Teanga”:

> “Sílim féin go pearsanta go mbaineann an-tábhacht leis an ngealltanas dlús a chur le cearta an duine agus ionchuimsiú daoine uathacha de bhrí go mothaím féin nach bhfuil mé páirteach sa chuid eile den tsochaí.” (duine uathach; duine muinteartha le duine uathach)

> “Thaitin an gealltanas maidir le cur chuige néaraidhearbhaitheach liom, agus úsáid a bhaint as teanga aitheantais.” (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> “Fáiltímid roimh an bpointe go bhfuil an Dréachtstraitéis bunaithe ar chearta, agus bunaithe ar phrionsabail bhunúsacha CNACDM…agus go bhfuil luachanna na Straitéise néaraidhearbhaitheach agus dírithe ar sheachadadh laistigh den chóras príomhshrutha – agus má dhéantar amhlaidh, d’fhéadfadh sé seo ar fad daoine uathacha a chumhachtú.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

### Rannpháirtíocht le daoine uathacha

Thug go leor freagróirí le fios go raibh siad sásta le rannpháirtíocht daoine aonair uathacha i bhforbairt na Dréachtstraitéise Nuálaíochta um Uathachas agus sainaithint na rannpháirtíochta le daoine uathacha mar réimsí gnímh laistigh den doiciméad féin. Thaitin an

téama dar teideal “rannpháirtíocht le daoine uathacha” níos fearr le freagróirí uathacha ná le freagróirí neamhuathacha:

> “Is léir go ndeacthas i gcomhairle le daoine uathacha nuair a bhíothas ag obair ar an straitéis. Mhothaigh mé go raibh ionadaíocht á déanamh orm.” (duine uathach)
>
> “Ionas gur féidir glacadh leis mar straitéis uathachais dháiríre, ní mór dúinn ionchur suntasach ó dhaoine uathacha a chur san áireamh in aon phlean ná gníomh agus ní mór luach a lua le daoine uathacha. Bhí cúrsaí go dona riamh anall de bhrí nár chuir na cinnteoirí, i gcaitheamh na mblianta, an taithí saoil atá riachtanach chun na cinntí a dhéanamh san áireamh.” (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh).
>
> “Bhí bonn eolais maith faoi na pointí agus bhí neart machnaimh déanta orthu, mar thoradh ar na cruinnithe a reáchtáladh le Grúpa [Maoirseachta agus Comhairleach na Straitéise Nuálaíochta um Uathachas]. Cúis áthais dom go bhfuil deis ag daoine uathacha a bheith páirteach sa Straitéis seo.” (duine uathach)
>
> “Thaitin na hiarrachtaí a rinneadh chun a chinntiú go mbeadh daoine uathacha in ann rochtain a fháil ar an bpróiseas comhairliúcháin linn. Ní mór straitéisí a fhorbairt i gcomhairle le daoine a bhfuil an tionchar is mó aige orthu agus níl aon difríocht ag baint leis an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas sa chomhthéacs seo.” (eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta)

## Réimsí gnímh sonracha

Nuair a bhí an cheist seo á freagairt, tharraing freagróirí aird ar na réimsí gnímh sonracha a thaitin leo freisin. Seo a leanas na ceithre réimse gnímh is mó a thaitin le daoine, in ord tosaíochta: cúram sláinte agus sóisialta, oideachas: bunscoile agus iar-bhunscoile, an feachtas glactha agus tuisceana, agus oiliúint maidir le huathachas. Tá na mionsonraí le fáil thíos.

### Cúram sláinte agus sóisialta

Thaitin cúram sláinte agus sóisialta le go leor freagróirí mar réimse gnímh sa Dréachtstraitéis. Bhain gníomhartha a thaitin go mór le daoine le rochtain ar thacaíocht mheabhairshláinte do leanaí agus d’aosaigh uathacha a fheabhsú; aitheantas a thabhairt do riochtaí comhtharlaithe a mbíonn ar dhaoine aonair uathacha déileáil leo; agus an conair phoiblí atá beartaithe chun aosaigh uathacha a dhiagnóisiú agus tacú leo:

> “Scóip leathan moltaí go háirithe moltaí a bhaineann le riachtanais mheabhairshláinte daoine uathacha i rith a saoil. Tá níos mó riosca ann go mbeidh daoine uathacha fágtha idir dhá cheann na meá sa chás nach gcomhaontaíonn seirbhísí ar an tseirbhís a mbeidh príomhról aici ina gcúram. Ní féidir glacadh lena leithéid. Ní mór próisis feabhsaithe maidir le cúram comhroinnte a fhorbairt. Is rud dearfach é an gealltanas maidir le gníomh follasach agus an gealltanas maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.” (gairmí cúraim sláinte agus shóisialta)
>
> “Taitníonn an aidhm atá ann go mbeadh conair phoiblí do dhiagnóis agus do thacaíocht d’aosaigh Uathacha ar fáil go mór liom, de bhrí nach bhfuil an córas atá ann

faoi láthair ag obair….Is í an t-aon rogha atá agam faoi láthair ná úsáid a bhaint as seirbhísí príobháideacha agus ní bhíonn dóthain airgid agam i gcónaí chun é sin a dhéanamh, dá bhrí sin, cúis dóchais dom go bhfuiltear ag díriú ar chonair phoiblí.” (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> “Rud amháin faoin straitéis a thaitin linn ba ea gur tugadh aitheantas don phointe go mbíonn riochtaí comhtharlaithe ag cur isteach ar go leor daoine uathacha. Bhí an méid a dúradh ceart, ach níor dúradh dóthain rudaí. Ba mhaith linn aird a tharraingt ar an bpointe go mbíonn go leor daoine uathacha ag déileáil le riochtaí sláinte freisin cosúil le Siondróm Ehlers Danlos agus go leor riochtaí uath-imdhíonachta. I measc na riochtaí níos coitianta a d’fhéadfadh comhtharlú i ndaoine uathacha tá neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde.” (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Oideachas: An timpeallacht bunscoile agus iar-bhunoideachais

Thug go leor freagróirí le fios gur thaitin na réimsí gnímh sa Dréachtstraitéis a bhaineann le hoideachas leo:

> “Tá an t-aitheantas atá tugtha do thábhacht an oideachais mar bhunphrionsabal ag croílár an [na stratéise] ó leibhéal na luathbhlianta agus cúram leanaí suas trí na leibhéil ríthábhachtach….Cuireann muid fáilte mhór roimh na tacaíochtaí breise atá luaite faoin oideachas.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha; bunleagan as Gaeilge)

> “Go ginearálta, fáiltítear roimh bhéim ar chaighdeán eispéireas oideachais mac léinn Uathach. Níl a leithéid le tabhairt faoi deara sa chóras atá bunaithe faoi láthair….Ba cheart go mbeimis in ann eispéireas oideachais ar an gcaighdeán is airde agus is féidir a éileamh do gach leanbh. Tá níos mó i gceist ná breis acmhainní a chur ar fáil sa chóras, tá tábhacht le hathbhreithniú, le faireachán agus le feabhsú eispéireas leanaí.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

### Feachtas glactha agus tuisceana

Thaitin an feachtas glactha agus tuisceana uathachais a bhí beartaithe le freagróirí:

> “Fáiltím roimh an gcinneadh feachtas feasachta a bhunú mar chuid de cholún a haon. Sular diagnóisíodh mo mhac, ní raibh mórán tuisceana agam ar uathachas agus sílim gur rud iontach é, le cois na sochaí a bheith ag freastal níos fearr ar dhaoine trí ghníomhartha eile sa straitéis, go bhfuil feachtas oideachais shochaíoch ghinearálta maidir le huathachas á reáchtáil freisin.” (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> “Ionas gur féidir le daoine uathacha tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht phríomhshrutha, is réamhriachtanas é tuiscint níos ginearálta a fhorbairt ar a gcuid riachtanas, mar aon le glacadh agus iarracht a dhéanamh freastal ar a gcuid riachtanas”. (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

### Oiliúint maidir le huathachas

Tá an bhéim á leagan sa Dréachtstraitéis seo ar oiliúint maidir le huathachas a chur ar fáil do bhaill foirne atá ag obair i seirbhísí poiblí éagsúla (cosúil le cúram sláinte agus sóisialta agus oideachas) - béim ar fháiltigh freagróirí roimpi. Glacadh leis seo mar bhealach chun déileáil le

bacainn sainaitheanta agus thábhachtach ar rochtain a bheith ag daoine aonair uathacha ar sheirbhísí poiblí:

> "Oiliúint maidir le huathachas a chur ar fáil d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí, go háirithe FSS [Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte] agus institiúidí oideachais" (duine uathach)
>
> "Is maith an rud é go bhfuil aitheantas á thabhairt don ghá atá le níos mó oiliúna agus nach leor Feasacht ar Uathachas." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; gairmí cúraim sláinte agus shóisialta)
>
> "Tá roinnt beart úsáideach le fáil sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas, go háirithe sna réimsí a bhaineann le hoiliúint agus treoir a chur ar fáil do bhaill foirne atá ag obair i raon seirbhísí poiblí maidir le dea-chleachtais a bhaineann le Glacadh agus Tuiscint ar Uathachas, agus maidir lena chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí níos inrochtana dár bpobal. Ina measc seo tá oiliúint a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm léi cur le tuiscint agus le glacadh le hUathachas san earnáil phoiblí trí chéile, díriú ar oiliúint shaincheaptha do ghairmithe agus do bhaill foirne atá ag obair san earnáil chúraim sláinte agus shóisialta, i seirbhísí meabhairshláinte agus san earnáil oideachais." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Sainroghanna grúpa

Is léir i ndiaidh anailís níos mine a dhéanamh ar an méid a thaitin le freagróirí faoin Dréachtstraitéis go raibh difríochtaí caolchúiseacha le tabhairt faoi deara idir sainroghanna freagróirí uathacha agus neamhuathacha, agus idir tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha agus gach freagróir eile. Tá an anailís ar an méid a thaitin leis an ngrúpaí do daoine seo faoin Dréachtstraitéis le fáil thíos.

Rinneadh comparáid idir na rudaí is mó a thaitin le freagróirí aonair uathacha faoin Dréachtstraitéis agus na rudaí is mó a thaitin le freagróirí neamhuathacha aonair mar ghrúpa. Is léir ó anailís a rinneadh gurb é an téama leathan ba mhó a thaitin leis an dá ghrúpa ná an téama dar teideal "athrú éifeachtach". Thaitin an téama dar teideal "rannpháirtíocht le daoine uathacha" níos fearr le freagróirí uathacha ná le freagróirí neamhuathacha, áfach.

Rinneadh comparáid idir an méid a thaitin le tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha faoin Straitéis agus gach freagróir aonair eile. Ba é "athrú éifeachtach" an téama leathan ba mhó a thaitin le tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha, agus ba é "uileghabhálacht bunaithe ar chearta" an téama leathan ba mhó a thaitin le gach freagróir aonair eile.

## Réimsí feabhais

Fiafraíodh de fhreagróirí, daoine aonair agus eagraíochtaí, trí ghníomh sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas a roghnú a d'fhéadfaí a fheabhsú dar leo agus ansin níos mó a rá faoina rogha. Seo a leanas na trí phríomhréimse feabhais a sainaithníodh: cúram sláinte agus sóisialta (27%), oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile (20%) agus oiliúint maidir le huathachas (9%).

Lasmuigh den trí phríomhréimse feabhais, sainaithníodh na réimsí seo freisin (in ord tosaíochta):

- Fostaíocht (8%)
- Feachtas glactha agus tuisceana (7%)
- Foghlaim agus cúram na luath-óige (6%)
- Tacaíocht do thuismitheoirí (5%), agus
- Rochtain: timpeallacht thógtha agus dearadh (5%).

Tá achoimre, bunaithe ar théama, ar na príomh-mholtaí maidir le hathrú faoin trí réimse feabhais le fáil thíos.

## Cúram sláinte agus sóisialta

Tarraingíodh aird san aiseolas a fuarthas ó na freagróirí ar roinnt réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú dar leo faoi na gníomhartha molta maidir le cúram sláinte agus sóisialta. Ina measc seo bhí rochtain ar sheirbhísí sainaitheanta/measúnaithe, oiliúint maidir le huathachas, seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh, agus seirbhísí meabhairshláinte d'aosaigh.

### Rochtain ar mheasúnú

Bhí go leor freagróirí ag lorg rolladh amach náisiúnta conair phoiblí do mheasúnú uathachais, agus seirbhísí sainaitheanta príobháideacha a bheith á maoiniú ag an stát go dtí go mbunaítear conair phoiblí:

> "Bíonn ar an gcuid is mó againn íoc as ár measúnuithe féin nó fanacht blianta fada de bhrí nach bhfuil ach líon beag cliniceoirí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar aosaigh uathacha." (duine uathach)

> "Mar dhuine a bhí fágtha gan diagnóis mo shaol ar fad agus nach bhfuair amach faoi m'uathachas go dtí cúpla bliain ó shin, dúradh liom fanacht agus fanacht le haghaidh measúnaithe de chineál éigin a bheadh á dhéanamh ag FSS [Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte] agus ansin ina dhiaidh sin dúradh liom nach bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar aosaigh. Dúradh liom nár mhór dom íoc as measúnú príobháideach, rud atá an-chostasach. Fuair mé diagnóis i ndiaidh measúnú príobháideach a dhéanamh i ndeireadh na dála ach theip ar FSS [Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte] tacú liom." (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> "Is ionann é seo agus leibhéal míchuí gealltanais do sheirbhísí sainaitheanta ó tharla go mb'fhéidir nach bhfuil rochtain ag go leor aosach ar sheirbhísí nuair a bhíonn siad ag teastáil go géar uathu mar gheall ar easpa rochtana airgeadais ar sheirbhísí sainaitheanta príobháideacha. Ní mór conair phoiblí ar shainaithint a rolladh amach go náisiúnta, agus ba cheart don stát íoc as seirbhísí príobháideacha fad is atáimid ag fanacht chun seirbhísí poiblí a fháil." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Oiliúint maidir le huathachas

Ainneoin go dtagraítear d'oiliúint maidir le huathachas do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta faoin Dréachtstraitéis, theastaigh ó go leor freagróirí go gcuirfí a leithéid san

áireamh faoi chúram sláinte agus sóisialta. Leag freagróirí béim ar an bpointe gur cheart go mbeadh oiliúint maidir le huathachas éigeantach do gach gairmí cúraim sláinte agus shóisialta agus go gclúdófar riochtaí comhtharlaithe coiteanna:

> "Baineann tábhacht lena chinntiú go bhfaigheann daoine aonair, go háirithe mná agus daoine 'neamhsteiréitipiciúla' eile diagnóis chuí agus go nglactar leo, rud atá tábhachtach chomh fada is a bhaineann le fulaingt a laghdú agus cead a thabhairt dóibh tacaíocht a lorg má theastaíonn a leithéid uathu. D'fhéadfadh daoine uathacha a bheith den tuairim gur réimse thar a bheith dúshlánach é cúram sláinte mar gheall ar dhifríochtaí a bhaineann le cumarsáid, an cumas faireachán a dhéanamh ar bhraistintí colainne agus eispéiris thrámacha. Tá sé seo fíor go háirithe de bhrí go bhfuil riochtaí sláinte comhghalracha agus meabhairshláinte ag do leor daoine uathacha. Ní mór níos mó faisnéise agus oiliúna a chur ar fáil d'oibrithe cúraim sláinte chun cabhrú leo nuair a bhíonn siad ag déileáil le daoine uathacha chun torthaí a fheabhsú agus fulaingt a laghdú." (duine uathach)

> "Bhí fadhbanna againn ar fad le gairmithe cúraim sláinte nár thuig uathachas. Ba cheart go mbeadh clár oiliúna éigeantach ann a bheadh le déanamh ag gach gairmí cúraim sláinte." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; cúramóir duine uathaigh)

### Seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh

Thagair go leor freagróirí do ghanntanas gnímh chun forbairt a dhéanamh ar chumas agus acmhainní do sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh. Chomh maith leis sin, tharraing siad aird ar an easpa tagartha d'fhoirne ildisciplíneacha chun déileáil le riochtaí meabhairshláinte comhtharlaithe, a d'fhéadfadh rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú trí chomhordú níos fearr:

> "Cén fáth nach féidir lenár bpríomhsheirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh (SMLÓ), leanaí agus ógánaigh uathacha a dhiagnóisiú nó oibriú leo? Conas is féidir lenár FLML [Foirne Líonra Míchumais Leanaí] a áitiú nach míchumas é uathachas agus cén fáth nach féidir leo freastal ar ár ndaoine óga, nuair atá an oiread sin riachtanas acu. Conas is féidir le duine uathach a bheith ag titim idir seirbhísí cúraim?" (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; cúramóir duine uathaigh; duine muinteartha le duine uathach)

> "Ní fheicim aon tagairt do chumas/d'acmhainní breise a chur ar fáil do SMLÓ chun cóireáil thráthúil leanaí uathacha ag a bhfuil meabhairghalar a éascú, nó don trasnachas coiteann idir [uathachas agus] NHEA." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; duine muinteartha le duine uathach)

> "Bhí an cinneadh deireadh a chur le foirne luath-idirghabhála [ildisciplíneacha] laistigh den earnáil chúraim phríomhúil mar bhonn le seirbhísí scartha a bheith á gcur ar fáil do leanaí uathacha óga agus rochtain mhoillithe ar sheirbhísí [teiripe saothair] & síceolaíochta. Bheadh níos mó tionchair ag aisiompú an chinnidh seo ar chúrsaí meabhairshláinte amach anseo ná mar a bheadh ag aimsitheoir conaire. (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; duine muinteartha le duine uathach; gairmí cúraim sláinte agus shóisialta)

> "Moladh samhail agus cleachtas feabhsaithe do leanaí uathacha le fadhbanna meabhairshláinte comhghalracha san aiseolas a fuaireamar maidir lenár gcomhairliúchán. Thagair roinnt balleagraíochtaí do láithreacht uathachais, rud is cúis le foirne míchumais líonra a bheith á n-ainmniú mar phríomhsholáthraí seirbhíse do leanbh fiú amháin sa chás go bhféadfadh an tionchar feidhmiúil is mó ar an leanbh a bheith ag riachtanais mheabhairshláinte. Bhí sé seo mar bhonn le teip daoine aonair áirithe rochtain a fháil ar na seirbhísí meabhairshláinte atá ag teastáil uathu bunaithe ar a riachtanais mheabhairshláinte. Dá réir sin, tá gá le cuir chuige chomhoibritheacha níos fearr d'fhonn a chinntiú gur féidir le leanaí rochtain a fháil ar na seirbhísí ar fad atá ag teastáil uathu, beag beann ar an rannán ná ar an roinn atá freagrach as a seachadadh." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

### Seirbhísí meabhairshláinte d'aosaigh

Seachas seirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil d'aosaigh ag a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí agus tacaíocht chun féinmharú a chosc, tharraing roinnt freagróirí aird ar an easpa gnímh atá beartaithe le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte d'aosaigh uathacha:

> "Ní mór go mbeadh tacaíocht mheabhairshláinte atá saor in aisce, ar ardchaighdeán, inrochtana agus inniúil go cultúrtha ar fáil do gach duine, go háirithe do dhaoine uathacha. Ní féidir an gníomh seo a shrianadh do ghéarchéimeanna cosúil le féinmharú a chosc - nuair a bhí mise i mo dhéagóir uathach níor éirigh liom cúnamh a fháil go dtí go raibh mé ag mothú an-fhéinmharfach, agus ansin d'eagraigh carthanas comhairleoireacht dom. Sílim gur cheart tagairt a dhéanamh d'fhéinmharú a chosc de bhrí gur fadhb mhór é seo i measc an phobail uathaigh agus ba cheart tagairt a dhéanamh chomh maith céanna do chúram sláinte inscne-dhearbhaithe agus do chóireáil do neamhord itheacháin, áit a bhfuil trasnaíl shuntasach freisin." (duine uathach)

> "Is ar éigean gur ann do thacaíochtaí meabhairshláinte do dhaoine uathacha." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

> "Ba cheart dóibh siúd a bhfuil fadhbanna le substaintí acu agus iad siúd a bhfuil smaointe féinmharaithe acu, mar aon le leanaí agus déagóirí…cúnamh meabhairshláinte a fháil, is cuma má tá nó mura bhfuil uathachas orthu. Ach is aosaigh iad céatadán suntasach den phobal uathach (a bhformhór ó dhearcadh déimeagrafach glacaim leis) nach mbaineann le haon cheann amháin de na catagóirí seo, [agus] a mbíonn orthu déileáil le dúshláin shuntasacha mhothúchánacha agus mheabhracha, de bhrí gur daoine uathacha iad atá ag maireachtáil ar an domhan seo, nach bhfaigheann mórán cúnaimh, fiú amháin sa [Straitéis] seo. D'éirigh liom coinní teiripe saor in aisce a fháil i rith covid agus bhain mé an-tairbhe astu. B'fhéidir go bhféadfaí… coinní teiripe poiblí a chur ar fáil do dhaoine uathacha, nó maoiniú a chur ar fáil do sheirbhísí príobháideacha." (duine uathach)

## Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile

Bhí go leor freagróirí ag lorg feabhsuithe ar na gníomhartha beartaithe faoin réimse dar teideal oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile. Seo a leanas na téamaí ba choitianta:

oiliúint maidir le huathachas, scolaíocht ionchuimsitheach, tacaíocht do mhic léinn idirbhliana agus taithí oibre, agus teicneolaíocht chúnta:

### Oiliúint maidir le huathachas i suíomhanna oideachais

Theastaigh ó fhreagróirí go mbeadh oiliúint maidir le huathachas i suíomhanna oideachais bunaithe ar chearta, néaraidhearbhaitheach agus éigeantach do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna):

> "Ba cheart go mbeadh oiliúint maidir le huathachas éigeantach do gach múinteoir agus ball foirne oideachais, seachas roghnach, ní hamháin do mhúinteoirí acmhainne ná do mhúinteoirí ranga uathachais." (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; gairmí cúraim sláinte agus shóisialta)

> "Clár oiliúna maidir le hUathachas a fhorbairt a bheidh ar fáil do gach múinteoir ag gach céim dá n-oiliúint agus gairm, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, bunaithe ar chleachtais néaraidhearbhaitheacha chun tacú le daoine ar scoil agus de réir na ndea-chleachtas atá leagtha amach in Airteagal 24 agus i dTeachtaireacht Ghinearálta 4 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

> "Ba cheart go mbeadh gach múinteoir oilte ar na treoirlínte dea-chleachtais uathachais de bhrí go bhfuil athrú suntasach tagtha ar chúrsaí le 10–20 bliain anuas. Ba cheart go mbeadh FGL [forbairt ghairmiúil leanúnach] rialta éigeantach chun a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag foirne oideachais ar riachtanais agus ar thacaíochtaí uathachais. Ba cheart go ndéanfadh CRSanna an oiliúint ceannann chéanna de bhrí go mbíonn siad ag obair go dlúth leis na mic léinn gach lá." (gairmí oideachais)

### Scolaíocht ionchuimsitheach

Rinne freagróirí roinnt moltaí a bhain le scolaíocht a dhéanamh níos ionchuimsithí do mhic léinn uathacha. Ina measc bhí cóid iompair scoile a athbhreithniú, spásanna céadfacha a chruthú agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht thógtha scoileanna níos inrochtana, agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a shaincheapadh do riachtanais mac léinn uathach:

> "Cruthú spásanna agus gairdíní céadfacha i ngach scoil nua a cheadú. Maoiniú sonrach a chur ar fáil faoin Scéim Mionoibreacha do gach scoil chun spásanna céadfacha oiriúnacha a chur ar fáil, bunaithe ar dhea-chleachtais....Athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin tógála do scoileanna i gcomparáid le creat ASSSÉCACCS [acústaic, seicheamhú spásúil, spás éalaithe, catagóiriú, aistrithe, criosú céadfach agus sábháilteacht] agus dea-chleachtais maidir le Dearadh Uilíoch chun a chinntiú go mbeidh timpeallachtaí scoile, cosúil le seomraí ranga, hallaí scoile, pasáistí agus saoráidí, níos inrochtana do dhaltaí Uathacha." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

> "D'fhéadfaí Moladh [6.1] a fheabhsú tuilleadh. D'fhonn a chinntiú gur féidir le gach mac léinn, mic léinn uathacha san áireamh, a bheith ag foghlaim i dtimpeallacht shábháilte agus thacúil....Cinntigh go bhfuil na treoirlínte bunaithe ar chearta leanaí....Cuir oiliúint ar fáil do scoileanna maidir leis na treoirlínte nua atá bunaithe ar thráma, bunaithe ar chaidreamh agus néaraidhearbhaitheach." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

> "Cinntigh go bhfuil rochtain ag daoine Uathacha ar rolladh amach an churaclaim athbhreithnithe Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta, agus ar na hábhair thacaíochta ábhartha, lena n-áirítear faisnéis maidir le toiliú, agus maidir le sláinte atáirgthe agus sláinte ghnéis." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Tacaíocht d'idirbhlianta scoile agus do thaithí oibre

Mhol freagróirí go gcuirfí san áireamh gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hidirbhlianta scoile agus taithí oibre do mhic léinn uathacha:

"Trí aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil dífhostaíochta i measc daoine Uathacha, scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir deiseanna a fhorbairt chun tacú le deiseanna agus tionscnaimh taithí oibre do gach mac léinn meánscoile Uathach. Lena chois sin, treoirlínte a fhorbairt chun inrochtaineacht chlár na hIdirbhliana a fheabhsú chun tacú le mic léinn Uathacha, agus tacú le scoileanna gníomh a dhéanamh bunaithe ar na moltaí." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Teicneolaíocht chúnta i scoileanna

Theastaigh ó fhreagróirí go gcuimseofaí i ngníomhartha rochtain feabhsaithe ar mhaoiniú do theicneolaíocht chúnta do mhic léinn uathacha agus tacaíocht leantach i scoileanna:

> "Fadhb mhór eile chomh fada is a bhaineann le rochtain a fháil ar an gcuraclam é an easpa tacaíochta i ndáil le teicneolaíocht chúnta. Go pearsanta, i ndiaidh bliain acadúil iomlán a chaitheamh ag fanacht chun maoiniú a fháil, cheannaíomar tacaíocht chúnta dár mac. Baineann an dara fadhb leis an easpa faisnéise/tacaíochta maidir le cláir is féidir a úsáid do theicneolaíocht chúnta." (tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh; cúramóir duine uathaigh)

> "Níl sé éasca rochtain a fháil ar dheontas na teicneolaíochta cúnta agus ní thugtar mórán airde ar an deontas seo i scoileanna. Lena chois sin... níl ach saolré de cheithre bliana ar a mhéad ag iPad/ríomhairí glúine etc., ach ní chuirtear é sin san áireamh sa chóras ar chor ar bith." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

## Oiliúint maidir le hUathachas i gcomhthéacs oideachais

Rinne freagróirí roinnt moltaí maidir le conas na gníomhartha molta sa Dréachtstraitéis i ndáil le hoiliúint maidir le huathachas a fheabhsú. Ina measc seo bhí frámú néaraidhearbhaitheach aon chúrsa oiliúna, deis a thabhairt do dhaoine uathacha páirt a ghlacadh i ndearadh agus i seachadadh oiliúna, oiliúint don tseirbhís phoiblí a fheabhsú, agus forbairt a dhéanamh ar oiliúint in earnálacha éagsúla.

### Oiliúint néaraidhearbhaitheach

Bhí roinnt freagróirí ag iarraidh go mbeadh gach gníomh oiliúna frámaithe laistigh de theoiric chleachtais néaraidhearbhaitheach de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM):

> "San áireamh sa *Treoir um Dhea-chleachtas Uathachais do Scoileanna* tá tagairt ina dtugtar le fios go bhféadfadh AIF [Anailís Iompraíochta Fheidhmeach] agus TID [Tacaíocht Iompraíochta Dhearfach] 'a bheith cabhrach chun cur le cleachtais teagaisc

> éifeachtacha eile'. Cuirimid i gcoinne, go láidir, úsáid a bhaint as idirghabhálacha iompraíochta comhlíonadhbhunaithe dá leithéid, agus bhí an méid seo a leanas le rá ag an gCoiste um Nithe a Bhaineann le Míchumas…'ní féidir tacú le prionsabail neamhspleáchais, dínite, ceart chun aitheantais agus saoirse ó chóireáil neamh-chomhthoiliúil nó dhíghrádaithe CNACDM.' Tá tacaíochtaí néara-éagsúlachta dearbhaitheacha ar fáil cheana féin, agus ba cheart don rialtas tacú leo seo in ionad sin." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Rannpháirtíocht daoine uathacha

Mhol freagróirí go mbeadh dearadh agus seachadadh oiliúna maidir le huathachas bunaithe ar thaithí saoil daoine uathacha, eagraíochtaí páirtithe leasmhara gaolmhara, agus go ndéanfaí breithniú ar chóiríochtaí d'oiliúnóirí agus do rannpháirtithe uathacha:

> "Ní mór go mbeadh daoine uathacha (mar aon le speisialtóirí Uathachais) ag croílár dhearadh agus sheachadadh na hoiliúna. Is iad sin na daoine is fearr chun oideachas a chur ar dhaoine maidir leis an méid atá i gceist le huathachas. Níl aon rud níos fearr ná taithí saoil…" (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

> "Comhairliúchán agus rannpháirtíocht le ENRanna [eagraíochtaí neamhrialtasacha]…beidh sé riachtanach oibriú le daoine uathacha chun an obair seo a fhorbairt agus a sheachadadh, agus beidh acmhainní ag teastáil." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha).

### Oiliúint don tseirbhís phoiblí a threisiú

Mhol freagróirí roinnt beart chun oiliúint maidir le huathachas a threisiú atá dírithe ar ghairmithe seirbhíse poiblí. Ina measc seo bhí athbhreithniú ar cheanglais na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL), oiliúint chuimsitheach d'oideoirí, agus oiliúint éigeantach d'fhoireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:

> "Ag cur leis an moladh chun oiliúint maidir le Tuiscint agus Glacadh Uathachais a rolladh amach san earnáil phoiblí trí chéile, athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais FGL a bhaineann le hUathachas do ghairmithe ábhartha agus oiliúint maidir le Tuiscint agus Glacadh Uathachais a chur ar fáil atá ábhartha dá ngairm nó dá dtionscal." (Eagraíocht Daoine Faoi Mhíchumas)

### Cur leis an oiliúint atá ar fáil in earnálacha éagsúla

Bhí na freagróirí ag iarraidh go mbeadh níos mó oiliúna maidir le huathachas ar fáil in earnálacha éagsúla. Ina measc seo bhí foirne agus oibrithe deonacha chun oibriú le daoine óga chun tacú le spásanna ionchuimsitheacha do dhaoine uathacha óga; diatéitigh mar gheall ar chomhtharlú uathachais agus neamhord itheacháin; Foireann Tusla; foireann údaráis áitiúil, go háirithe laistigh den tseirbhís do dhaoine gan dídean; an tseirbhís otharcharranna; breithiúna cúirte; oibrithe póilíní.

## Réimsí feabhais eile

Rinne freagróirí moltaí maidir le feabhsuithe i réimsí gnímh eile sa Dréachtstraitéis. Tá aird tarraingthe ar chuid de na príomhfheabhsuithe ar thagair siad dóibh thíos.

## Fostaíocht

- Sainoiliúint a chur ar fáil d'fhoireann Intreo chun déileáil le riachtanais daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine uathacha, sa bhreis ar oiliúint feasachta míchumais, agus sprioc, go mbeadh oiliúint curtha i gcrích ag thart ar 90% den fhoireann.
- Díriú ar thacú le haosaigh uathacha de gach aois chun rochtain a fháil ar fhostaíocht agus fanacht i mbun fostaíochta, ní hamháin aosaigh níos óige.
- Micridheontais a thairiscint trí Oifigí Fiontair Áitiúla chun tacú le fiontraíocht agus le féinfhostaíocht do dhaoine uathacha agus a gcumas chun nuálaíochta a aithint.

## Feachtas glactha agus tuisceana

- A chinntiú go gcuireann páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le comhdhearadh feachtas agus tionscnamh daoine uathacha san áireamh.
- Leideanna praiticiúla a chur ar fáil maidir le conas is féidir comhthéacsanna laethúla a dhéanamh níos ionchuimsithí do dhaoine uathacha, cosúil le i siopaí, bialanna agus scoileanna.
- Úsáid a bhaint as cainéil chumarsáide éagsúla, cosúil le podchraoltaí, cainéil óstála físeáin ar líne agus aipeanna meán sóisialta, chun tuiscint ar agus ionadaíocht ar uathachas a fheabhsú.
- Béim a leagan ar thuiscint seachas ar fheasacht, agus néara-éagsúlacht a dhearbhú seachas díreach glacadh léi.

## Foghlaim agus cúram na luath-óige

- Gníomhú ar mholtaí an athbhreithnithe ar an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (SRC) chun eispéireas leanaí uathacha a fheabhsú chomh fada is a bhaineann le rochtain a fháil ar chláir fhoghlaim agus chúram na luath-óige.
- Sonraí a bhailiú faoi leanaí i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige maidir le míchumas, eitneacht agus inscne chun bonn eolais a chur ar fáil do bhearta príomhshrutha agus spriocdhírithe.
- Cothroime rochtana a sholáthar ar thacaíochtaí airgeadais agus ar fhóirdheontais do theaghlaigh a bhfuil leanaí uathacha á gclárú acu i gclár fhoghlaim agus chúram na luath-óige.
- Soiléirigh an méid atá i gceist le "torthaí feabhsaithe" faoi Ghníomh 5.4 den Dréachtstraitéis agus a chinntiú go bhforbraítear treoir i gcomhairle le gairmithe uathacha agus go bhfuil cleachtais néaraidhearbhaitheacha.

## Tacaíocht do thuismitheoirí

- A chinntiú go bhfuil faisnéis le fáil ar shuíomh gréasáin faisnéise nua FSS do thuismitheoirí atá ag díriú ar gach céim den phróiseas measúnaithe (ní díreach an chéim iardhiagnóise), go bhfreastalaítear ar thuismitheoirí nach é an Béarla a gcéad teanga, agus go ndírítear ar chumas altraí sláinte poiblí chun tacú le tuismitheoirí.
- Seirbhísí tacaíochta breise a chur ar fáil do thuismitheoirí chun déileáil le traochadh gairme, tuismitheoirí níos sine a bhfuil leanaí aosaigh uathacha acu, an gá atá le

seirbhísí faoisimh agus lae, agus tacaíocht agus teiripe chónaitheach do dhaoine aonair uathacha a bhfuil sé de nós acu a bheith foréigneach.
- Níos mó oiliúna a chur ar fáil do ghairmithe eile seachas altraí sláinte poiblí chun tacú le tuismitheoirí leanaí neamhlabhartha, de bhrí nach n-oibríonn siad ach le leanaí go dtí go mbíonn aois áirithe sroichte acu. Beidh tacaíocht agus straitéisí ag teastáil ó leanaí neamhlabhartha chun cabhrú lena bhforbairt teanga.

### Rochtain: timpeallacht thógtha agus dearadh

- Oibriú leis an earnáil phríobháideach chun tacú le timpeallachtaí atá oiriúnach don uathachas a chruthú trí oiliúint feasachta céadfaí a thairiscint do ghairmithe a bhfuil baint acu leis an timpeallacht thógtha a dhearadh (e.g. ailtirí, pleanálaithe, dearthóirí agus tógálaithe), agus tacaíocht agus acmhainní cosúil le comharthaí in-íoslódáilte a chur ar fáil.
- Gnóthaí a spreagadh chun cleachtais atá oiriúnach don uathachas a chur chun feidhme, cosúil le leibhéil soilsithe agus fuaime a athrú, comharthaíocht a thaispeáint a thugann le fios go bhfuil an fhoireann feasach ar uathachas agus laethanta/amanna atá oiriúnach don uathachas a ainmniú.
- Spásanna ciúine a shuiteáil, treoracha amhairc a sholáthar agus úsáid a bhaint as comharthaíocht feasachta uathachais i ngach foirgneamh poiblí, oifig agus saoráid.

## Freagróirí aonair: anailís ar dhifríochtaí idir grúpaí

As measc an 156 freagróir aonair uathach, ba iad seo a leanas na cúig phríomhréimse feabhais a bhí ag barr an liosta:

1. Cúram sláinte agus sóisialta
2. Fostaíocht
3. Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile
4. Oiliúint maidir le huathachas

= 5. Feachtas tuisceana agus glactha
= 5. Rochtain: timpeallacht thógtha agus dearadh

I measc an 186 freagróir aonair ar tuismitheoir nó caomhnóir duine uathaigh é nó í, a raibh 44 díobh sainaitheanta mar dhuine uathach freisin, ba iad seo a leanas na cúig réimse feabhais a bhí ag barr an liosta:

1. Cúram sláinte agus sóisialta
2. Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile
3. Oiliúint maidir le huathachas

=4. Feachtas tuisceana agus glactha
=4. Tacaíocht do thuismitheoirí

As measc na bhfreagróirí aonair, shainaithin an grúpa de 156 duine uathach agus an grúpa de 186 tuismitheoir agus/nó caomhnóir daoine uathacha cúram sláinte agus sóisialta mar an príomhréimse feabhais. Thagair an dá ghrúpa don oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile, oiliúint maidir le huathachas, agus don fheachtas glactha agus tuisceana ina gcúig phríomhréimse feabhais freisin. Bhí difríochtaí le tabhairt faoi deara idir na grúpaí seo, áfach.

Díol suntais ba ea gur rangaigh freagróirí uathacha fostaíocht mar an dara réimse feabhais is tábhachtaí agus rochtain ar an timpeallacht thógtha agus dearadh mar an cúigiú réimse tosaíochta. I gcodarsnacht leis sin, rangaigh tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí daoine uathacha tacaíocht mar an ceathrú réimse feabhais is tábhachtaí.

## Rangú gníomhartha molta

Fiafraíodh de fhreagróirí na cúig phríomhréimse gnímh sa Dréachtstraitéis a rangú in ord tábhachta bunaithe ar na gníomhartha a mheas siad a bhféadfadh an tionchar is dearfaí a bheith acu. San áireamh sna cúig phríomhréimse ag barr liosta na bhfreagróirí aonair agus eagraíochta bhí: cúram sláinte agus sóisialta, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile agus oiliúint maidir le huathachas. Chomh maith leis sin, i measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta ar thagair freagróirí aonair dóibh bhí an feachtas glactha agus tuisceana agus fostaíocht. I measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta ar thagair freagróirí eagraíochta dóibh bhí rannpháirtíocht le daoine uathacha agus foghlaim agus cúram na luath-óige. Tá na torthaí le fáil thíos.

### Gníomhartha rangaithe ag freagróirí aonair

Seo thíos na cúig réimse gnímh is tábhachtaí dar leis na freagróirí aonair:

1. Cúram sláinte agus sóisialta (18%)
2. Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil (13%)
3. Feachtas glactha agus tuisceana (11%)
4. Oiliúint maidir le huathachas (10%), agus
5. Fostaíocht (9%).

Faoin 22 réimse gnímh a cuireadh chun cinn sa Dréachtstraitéis, tá 70 gníomh aonair. As measc na bhfreagróirí aonair, rangaigh 42% réimsí gnímh ag leibhéal gníomhartha aonair. Tá eolas maidir leis an miondealú ar a bhfreagairtí sna cúig réimse gnímh ag barr an liosta le fáil thíos.

#### Gníomh 10: Cúram sláinte agus sóisialta

Sa réimse a bhaineann le Gníomh 10: Cúram sláinte agus sóisialta, bhí an rangú bunaithe ar an ngníomh aonair mar seo a leanas:

1. Gníomh 10.2: Chun leanaí agus ógánaigh uathacha a chumasú chun rochtain a fháil ar bhearta luath-idirghabhála agus measúnaithe, leanfar ar aghaidh leis na hiarrachtaí comhbheartaithe chun tacú le seirbhísí luath-idirghabhála agus measúnaithe i ndáil le seirbhísí míchumais do dhaoine uathacha (27%)
2. Gníomh 10.4: Chun leanaí agus ógánaigh uathacha a chumasú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte oiriúnacha, leanfaimid ar aghaidh le seirbhísí luath-idirghabhála agus measúnaithe i gcúram príomhúil a fhorbairt do leanaí uathacha (25%)
3. Gníomh 10.1: Chun conair phoiblí a bhunú do mheasúnú agus d'idirghabhálacha d'aosaigh uathacha, beidh tionscadal taispeántóra á rolladh amach in Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail amháin (21%)

4. Gníomh 10.3: Chun tús a chur leis an acmhainn seirbhíse bhreise a thógáil a bheidh ag teastáil ó shaintacaíochtaí míchumais, cuirfimid tús le *Plean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Míchumais 2024–2026* a rolladh amach (18%)
5. Gníomh 10.5: Chun seirbhísí meabhairshláinte ábhartha a chur ar fáil d'ógánaigh agus d'aosaigh uathacha a bhfuil fadhbanna úsáide substaintí acu, cuirfimid dlús le forbairt conairí cúraim soiléire agus comhtháite do dhaoine a bhfuil dédhiagnóis faighte acu (5%), agus
6. Gníomh 10.6: Chun leanúnachas cúraim agus tacaíochta a chinntiú do dhaoine uathacha a bhfuil leochaileachtaí áirithe acu agus riosca féinmharaithe níos airde, oibreoimid le hOifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc FSS chun raon tionscnamh a bhaineann le féinmharú a chosc a mheas agus a chomhaontú (4%).

### Gníomh 6: Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil

Sa réimse a bhaineann le Gníomh 6: Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil, bhí an rangú bunaithe ar an ngníomh aonair mar seo a leanas:

1. Gníomh 6.1: Chun a chinntiú go mbeidh deis ag gach mac léinn, mic léinn uathacha san áireamh, a bheith ag foghlaim i dtimpeallacht shábháilte agus thacúil, tacóimid le forbairt agus le cur chun feidhme treoirlínte nua maidir le hiompar ar ábhar imní é (48%)
2. Gníomh 6.3: Chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag gairmithe oideachais ar dhea-chleachtas agus ar oiliúint uathachais, déanfaimid athbhreithniú ar an tseirbhís atá á cur ar fáil ag Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin do scoileanna, mic léinn agus teaghlaigh (30%) agus
3. Gníomh 6.2: Chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn uathacha agus do dhaoine eile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith i gcomhluadar piaraí i scoileanna príomhshrutha agus speisialta, tacóimid le scoileanna chun an Clár Towards Inclusion a chur chun feidhme (22%).

### Gníomh 1: Feachtas glactha agus tuisceana

Sa réimse a bhaineann le Gníomh 1: Feachtas glactha agus tuisceana, bhí rangú an fhoghnímh aonair mar seo a leanas:

1. Gníomh 1.2: Chun tacú le níos mó glactha agus tuisceana ar uathachas in Éirinn, tionscnóimid feachtas náisiúnta glactha agus tuisceana uathachais maidir le huathachas (87%), agus
2. Gníomh 1.1: Chun bonn eolais a chur ar fáil d'fheachtas poiblí náisiúnta glactha agus tuisceana uathachais, tiomsóimid na sonraí atá ar fáil faoi láthair maidir le dearcthaí i leith daoine uathacha in Éirinn (13%).

### Gníomh 2: Oiliúint maidir le huathachas

Sa réimse a bhaineann le Gníomh 2: Oiliúint maidir le huathachas, bhí rangú an fhoghnímh aonair mar seo a leanas:

1. Gníomh 2.5: Chun tacú le dea-chleachtas i ndáil le tacú le daltaí uathacha i scoileanna, músclóimid feasacht agus cuirfimid oiliúint oiliúna ar fáil chun dlús a chur le rolladh amach na *Treorach Dea-chleachtais Uathachais do Scoileanna* (24%)
2. Gníomh 2.2: Chun tacú le samhlacha cleachtais néaraidhearbhaitheacha san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta, tacóimid le forbairt agus le cur chun cinn creat oiliúna maidir le huathachas do ghairmithe atá ag obair le daoine uathacha in FSS agus in eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39 (22%)

=3. Gníomh 2.1: Chun tacú le tuiscint ar uathachas ar fud na hearnála poiblí, cinnteoimid go n-áireofar i bhforbairt modúl ríomhfhoghlama nua maidir le comhionannas míchumais breithniú ar riachtanais shaincheaptha daoine uathacha (16%)

=3. Gníomh 2.6: Chun a chinntiú go bhfuil léargas cuí á thabhairt ar an eispéireas uathach sna meáin, déanfaimid iarracht tacú le tionscnaimh a thacaíonn le héagsúlacht sna meáin agus a leithéid de thionscnaimh a spreagadh (16%)

=5. Gníomh 2.3: Chun scileanna agus inniúlachtaí foirne a fheabhsú chomh fada is a bhaineann le huathachas a thuiscint, soláthróimid oiliúint maidir le huathachas, lena n-áirítear modhanna cumarsáide don fhoireann túslíne atá freagrach as an gClár Cliniciúil Náisiúnta um Fhéindochar agus Idéú a Bhaineann le Féinmharú a sholáthar (11%), agus

=5. Gníomh 2.4: Chun tacú ar bhealach níos fearr le daoine uathacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, soláthróimid oiliúint maidir le Treoirlínte Náisiúnta um Sheirbhísí Inrochtana Cúraim Sláinte agus Shóisialta FSS (11%).

### Gníomh 8: Fostaíocht

Sa réimse a bhaineann le Gníomh 8: Fostaíocht, bhí rangú an fhoghnímh aonair mar seo a leanas:

1. Gníomh 8.1: Chun cur ar chumas fostóirí tacú ar bhealach níos fearr le fostaithe uathacha san ionad oibre, déanfaimid athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair a bhaineann le hionaid oibre atá oiriúnach do dhaoine uathacha (50%)
2. Gníomh 8.2: Chun feabhas a chur ar an méid atá ar eolas againn faoi uathachas agus ár dtuiscint ar uathachas agus ar éagsúlacht sa mhargadh earcaíochta agus in earnáil státseirbhís agus phoiblí na hÉireann a fheabhsú, leanfaimid ar aghaidh ag bailiú sonraí faireacháin comhionannais (19%)
3. Gníomh 8.7: Chun tacú le deiseanna cianoibre agus fiontraíochta do dhaoine uathacha, spreagfaimid forbairt spásanna oibre atá oiriúnach don uathachas laistigh de líonra na Mol Nasctha (13%)

=4. Gníomh 8.3: Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar riachtanais iarrthóirí uathacha agus iarrthóirí eile, baileoimid sonraí maidir le hiarratais agus ceanglais socruithe réasúnta (6%)

=4. Gníomh 8.5: D'fhonn a chinntiú go dtacaíonn Intreo (an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí) go héifeachtach le baill foirne chun déileáil le deiseanna agus dúshláin fostaíochta a bhaineann le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear uathachas, déanfaimid athbhreithniú ar agus leanfaimid ar aghaidh le hoiliúint feasachta míchumais a chur ar fáil do bhaill foirne atá ag obair in Intreo (6%), agus

=4. Gníomh 8.9: D'fhonn a chinntiú gur féidir le gach fostaí san earnáil státseirbhíse agus phoiblí a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhonn cothrom le daoine eile, cinnteoimid go mbreithnítear riachtanais ball foirne uathach, mar aon le cohóirt eile, i gcomhthéacs ár n-athbhreithnithe ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta a bhaineann le socruithe réasúnta (6%).

## Freagróirí aonair: anailís ar dhifríochtaí idir grúpaí

As measc an 156 freagróir aonair uathach, ba iad seo a leanas, in ord, na cúig phríomhréimse feabhais a bhí ag barr an liosta:

1. Cúram sláinte agus sóisialta
2. Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil
3. Fostaíocht
4. Oiliúint maidir le huathachas, agus
5. Feachtas glactha agus tuisceana.

As measc an 186 tuismitheoir nó caomhnóir daoine uathacha, ba iad seo a leanas, in ord, na cúig phríomhréimse feabhais a bhí ag barr an liosta:

1. Cúram sláinte agus sóisialta
2. Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil
3. Feachtas glactha agus tuisceana
4. Oiliúint maidir le huathachas, agus
5. Fostaíocht.

Rangaigh an grúpa de 156 freagróir uathach agus an grúpa de 186 tuismitheoir agus/nó caomhnóir daoine uathacha na cúig phríomhréimse tosaíochta leis an tacar iomlán de 334 freagróir aonair. Seo a leanas iad: cúram sláinte agus sóisialta, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile, oiliúint maidir le huathachas, an feachtas glactha agus tuisceana, agus fostaíocht. Rangaigh gach grúpa cúram sláinte agus sóisialta agus oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile mar an chéad agus an dara réimse gnímh ba thábhachtaí, faoi seach. Díol suntais, áfach, gur rangaigh freagróirí uathacha fostaíocht mar an tríú réimse gnímh is tábhachtaí, rangú atá níos airde ná an cúigiú háit ag a rangaigh tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha an grúpa seo agus an grúpa níos leithne den 334 freagróir aonair.

## Rangú gníomhartha na bhfreagróirí eagraíochta

Seo a leanas an rangú a tugadh faoi deara i ndiaidh anailís a dhéanamh ar na cúig phríomhréimse gnímh sa Dréachtstraitéis, sainaitheanta ag freagróirí eagraíochta:

1. Cúram sláinte agus sóisialta
2. Oiliúint maidir le huathachas

=3. Oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil

=3. Rannpháirtíocht le daoine uathacha, agus

5. Foghlaim agus cúram na luath-óige.

Bhí na tosaíochtaí ar tharraing freagróirí eagraíochta aird orthu cosúil leis na tosaíochtaí ar tharraing freagróirí aonair aird orthu. Chuir an dá ghrúpa in iúl gurb é cúram sláinte agus

sóisialta an réimse gnímh is tábhachtaí, agus bhí oiliúint maidir le huathachas agus oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil, rangaithe i measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta acu. I measc na gcúig phríomhréimse tosaíochta ar thagair eagraíochtaí dóibh bhí rannphairtíocht le daoine uathacha agus foghlaim agus cúram na luath-óige.

Níor fhreagair ach 13 heagraíocht an cheist seo, agus as measc na n-eagraíochtaí seo, níor sholáthair ach sé heagraíocht freagairtí a rangaigh réimsí gnímh ag leibhéal gníomhartha aonair. Dá réir sin, níl dóthain sonraí ar fáil chun tátail chinnte a bhaint astu maidir le conas ar rangaigh freagróirí eagraíochta gníomhartha aonair ina gcúig réimse gnímh is tábhachtaí. Díol suntais, áfach, is ea gur thug freagróirí tús áite do ghníomh 10.2 agus do ghníomh 10.4 faoi chúram sláinte agus sóisialta, agus gníomh 6.1 faoi oideachas – bunscoil agus iar-bhunscoil. Tá sé sin ag teacht le sainroghanna freagróirí aonair sna réimsí gnímh seo.

## Feachtas glactha agus tuisceana: spriocphobal

Chun bonn eolais a chur ar fáil do ghníomh a bhfuil sé mar aidhm leis feachtas glactha agus feasachta uathachais a rolladh amach faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, fiafraíodh de fhreagróirí, bunaithe ar liosta a cuireadh ar fáil, grúpa a roghnú ar cheart díriú air mar chuid d'aon fheachtas glactha agus tuisceana.

Seo a leanas miondealú ar na freagróirí aonair: an pobal i gcoitinne 144 (43%), gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais 66 (20%), gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta 58 (18%) agus oibrithe na hearnála poiblí 17 (5%). Sainaithníodh raon spriocghrúpaí sna haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí.

Leagadh béim i roinnt aighneachtaí eagraíochta agus aonair ar an bpointe gur cheart go mbeadh feachtas náisiúnta éifeachtach faoin uathachas dírithe ar raon spriocphobal agus go mbeadh teachtaireachtaí saincheaptha luaite le gach spriocghrúpa.

### Freagróirí aonair: spriocghrúpaí

Fiafraíodh de fhreagróirí aonair spriocghrúpa amháin a roghnú, an grúpa ba thábhachtaí chun díriú air dar leo, mar chuid d'fheachtas glactha agus tuisceana faoi uathachas ó liosta a cuireadh ar fáil. Seo a leanas an miondealú, in ord:

1. An pobal i gcoitinne 144 (43%)
2. Gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais 66 (20%)
3. Gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta 58 (18%)
4. Eile (sonraigh) 47 (14%), agus
5. Oibrithe na hearnála poiblí 17 (5%).

Fiafraíodh den 47 freagróir a roghnaigh "eile" níos mó eolais a chur ar fáil. Seo a leanas miondealú ar a sainrogha maidir le spriocghrúpaí an fheachtais: na catagóirí sonraithe ar fad (21), meascán den dá chatagóir (11), daoine uathacha agus a dteaghlaigh (4) agus fostóirí (4). Thug seachtar freagróirí le fios go raibh imní orthu faoi fheachtas a d'fhéadfaí a reáchtáil, cheistigh siad úsáid a bheith á baint as acmhainní don fheachtas (4) agus an stiogma a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena leithéid (3).

As measc an 156 freagróir aonair a bhí sainaitheanta mar dhaoine uathacha, chuir 155 eolas ar fáil maidir lena rogha spriocghrúpa d'aon fheachtas glactha nó tuisceana poiblí. Seo a leanas an miondealú ar a rogha spriocghrúpa, in ord:

1. An pobal i gcoitinne 65 (42%)
2. Gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta 40 (26%)
3. Eile (sonraigh le do thoil) 25 (16%)
4. Gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais 18 (12%), agus
5. Oibrithe na hearnála poiblí 7 (5%).

Ailíníodh freagróirí uathacha le gach freagróir nuair a sainaithníodh an pobal i gcoitinne mar an grúpa is tábhachtaí ar cheart díriú air mar chuid d'aon fheachtas glactha agus tuisceana uathachais. Éagsúil le grúpa na bhfreagróirí aonair trí chéile, áfach, shíl freagróirí uathacha gur bhain tosaíocht níos airde le díriú ar ghairmithe atá ag obair i suíomhanna cúraim sláinte agus shóisialta mar a ndara rogha thosaíochta.

I measc an 186 freagróir aonair a bhí sainaitheanta mar thuismitheoirí nó mar chaomhnóirí daoine uathacha, chuir 185 eolas ar fáil maidir lena rogha spriocghrúpa d'aon fheachtas glactha nó tuisceana. Seo a leanas an miondealú ar a rogha spriocghrúpa, in ord:

1. An pobal i gcoitinne 77 (42%)
2. Gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais 49 (27%)
3. Eile (sonraigh le do thoil) 26 (14%)
4. Gairmithe atá ag obair i suíomh cúraim sláinte agus shóisialta 22 (12%), agus
5. Oibrithe na hearnála poiblí 11 (6%).

Ailíníodh tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha le gach freagróir aonair agus freagróir uathach nuair a sainaithníodh an pobal i gcoitinne mar an grúpa is tábhachtaí ar cheart díriú air mar chuid d'aon fheachtas glactha agus tuisceana uathachais.

Ba é an dara spriocghrúpa a roghnaigh tuismitheoirí agus caomhnóirí daoine uathacha ná gairmithe atá ag obair i suíomhanna oideachais, agus thug freagróirí uathacha le fios go raibh fonn orthu díriú ar ghairmithe i suíomhanna cúraim sláinte agus shóisialta.

### Freagróirí eagraíochta: spriocghrúpaí

Sainaithníodh raon spriocghrúpaí sna haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí, lena n-áirítear:

- An pobal i gcoitinne
- Scoileanna agus oideoirí
- An rialtas agus lucht déanta beartas
- Daoine scothaosta (50+ bliain)
- Fostóirí
- Clubanna óige
- Eagraíochtaí pobail
- Seirbhísí poiblí
- Foireann cúraim sláinte agus shóisialta
- Taighdeoirí

- Tuismitheoirí
- Mic Léinn
- Leanaí ar aois scoile, agus
- Pobail imeallaithe, cosúil le pobal an Lucht Siúil agus an pobal Romach.

### Spriocphobail agus teachtaireachtaí saincheaptha

I measc na bhfreagróirí, leagadh béim in go leor aighneachtaí eagraíochta agus i roinnt aighneachtaí aonair ar an bpointe nach mór d’fheachtas náisiúnta éifeachtach faoi uathachas díriú ar raon spriocphobal, agus uaireanta gur cheart tús áite a thabhairt dóibh siúd a bhfuil an tionchar is mó acu ar an toradh inmhianaithe:

> “Inár dtuairim, nuair a bhíonn feachtas glactha agus tuisceana maidir le huathachas á dhearadh, tá sé ríthábhachtach díriú ar raon leathan grúpaí chun tionchar a uasmhéadú agus tacú le huileghabhálacht. D’fhéadfadh sé a bheith tábhachtach tús áite a thabhairt do ghrúpaí áirithe, áfach, mar gheall ar an tionchar atá acu ar dhearcthaí na sochaí agus iompar maidir le huathachas a mhúnlú.” (eagraíocht cúraim sláinte agus shóisialta)

Lena chois sin, leag freagróirí béim ar an bpointe go dteastaíonn teachtaireachtaí saincheaptha ó gach spriocghrúpa a roghnaítear d’fheachtas uathachais:

> “Má dhíríonn tú ar an bpobal i gcoitinne, seans go n-éireoidh leat aird gach duine thuasluaite a tharraingt ort féin [gairmithe atá ag obair i suíomh oideachais; gairmithe atá ag obair i suíomhanna cúraim sláinte agus shóisialta, agus oibrithe na hearnála poiblí]. I ndáiríre, teastaíonn feachtas sonrach do gach grúpa de bhrí go bhfuil leibhéil dhifriúla tuisceana ag teastáil ag brath ar an ngrúpa.” (duine uathach).
>
> “Ionas go mbeidh feachtas náisiúnta éifeachtach, ní mór dó dul i bhfeidhm ar raon spriocphobal agus ba cheart na teachtaireachtaí a shaincheapadh dá réir sin.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)
>
> Mhol duine éigin ó eagraíocht amháin conas a bhféadfaí na teachtaireachtaí a shaincheapadh don phobal i gcoitinne, do scoileanna agus d’oideoirí, don rialtas agus do lucht déanta beartas:

“An Pobal i gCoitinne: Tá sé riachtanach eolas a roinnt leis an bpobal i gcoitinne chun deireadh a chur le miotais agus steiréitíopaí a bhaineann le huathachas. San áireamh anseo tá feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht a bhaineann le speictream an uathachais agus tacú le glacadh agus le hionchuimsiú.

Scoileanna agus Oideoirí: Tá ról suntasach ag múinteoirí agus i bhfoirne scoile i dtacú le mic léinn uathacha. Trí oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d’oideoirí is féidir timpeallachtaí foghlama uilechuimsitheacha a chruthú ina mbeidh deis ag mic léinn uathacha barr a gcumais a bhaint amach. Is príomh-mharcóirí iad oideachas múinteora tosaigh, oiliúint CRS agus guth uathach, chomh fada is a bhaineann le rath na straitéise seo.

An Rialtas agus Lucht Déanta Beartas: Tá sé riachtanach tacú le beartais agus le reachtaíocht a thacaíonn le cearta agus ionchuimsiú daoine uathacha. D’fhéadfadh tacú le rochtain níos

fearr ar sheirbhísí cúraim sláinte, oideachais, fostaíochta agus tacaíochta a bheith i gceist anseo.” (comhlacht reachtúil)

Mhol eagraíocht eile go raibh gá le taobhfheachtas sprice le teachtaireachtaí saincheaptha a bheidh dírithe ar thrí ghrúpa shonracha: daoine scothaosta; fostóirí, clubanna óige agus eagraíochtaí pobail; agus seirbhísí poiblí.

## Feachtas glactha agus tuisceana: príomhtheachtaireachtaí

Fiafraíodh de fhreagróirí an teachtaireacht is tábhachtaí atá le roinnt mar chuid d’fheachtas glactha agus tuisceana faoi uathachas a shainaithint. Sainaithníodh príomhtheachtaireachtaí trí úsáid a bhaint as anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí ar fad a cuireadh ar fáil sna haighneachtaí ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí. D’eascair cúig phríomhtheachtaireacht as an anailís seo:

- Dúshlán míthuiscintí agus steiréitíopaí a thabhairt
- Feasacht ar chleachtais ionchuimsitheacha a mhúscailt
- Aird a tharraingt ar chearta aonair agus ar chomhionannas
- Béim a leagan ar éagsúlacht an uathachais
- Néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil a mhíniú agus tacú lena leithéid.

Tá sonraí breise maidir le gach príomhtheachtaireacht le fáil thíos.

### Dúshlán míthuiscintí agus steiréitíopaí a thabhairt

Bhí freagróirí den tuairim gur cheart d’fheachtas dúshlán míthuiscintí agus steiréitíopaí coiteanna faoi uathachas agus faoi dhaoine uathacha a thabhairt agus tacú le léargas dearfach, cruinn agus trasnach ar eispéiris agus ar insintí uathacha:

> “Ní mór dúinn dearmad a dhéanamh ar thuairimí stairiúla faoi uathachas, cuir chuige atá bunaithe ar easnamh agus ar shamhlacha leighis. Ní mór go dtarraingeodh an feachtas aird ar na gnéithe maithe a bhaineann le huathachas, na saintréithe dearfacha, an pointe gur féidir le daoine uathacha saol iomlán neamhspleách a chaitheamh má tá rochtain acu ar na tacaíochtaí cearta. Ba cheart léargas a thabhairt ar éagsúlacht i rith an fheachtais.” (duine uathach; tuismitheoir duine uathaigh)

> “Tabhair dúshlán na steiréitíopaí, ná tacaigh leo. Ní bhaineann sé le héirim mhíchuibheasach (ard nó íseal). D’fhéadfadh aon inscne, aois nó cine a bheith i gceist.” (duine uathach; duine muinteartha le duine uathach)

> “Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann ná dúshlán na miotas a bhaineann le huathachas a thabhairt (e.g. amharc sa tsúil, caidreamhacht, cumarsáid mhalartach, ‘ní raibh trácht ar bith ar uathachas nuair a bhí mise óg’, deacrachtaí céadfacha, an strus a bhaineann le ceilt) agus ba cheart díriú ar dhifríocht a cheiliúradh.” (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

## Feasacht ar chleachtais ionchuimsitheacha a mhúscailt

Ba cheart don fheachtas feasacht a mhúscailt ar chleachtais ionchuimsitheacha trí chomhairle a thairiscint maidir le conas pobail ionchuimsitheacha uathacha a chruthú, go háirithe i scoileanna, suíomhanna oibre agus spásanna poiblí:

> "D'fhéadfadh rud éigin cur isteach ar dhuine amháin gan cur isteach ar dhuine eile, agus d'fhéadfaí saol gach duine a dhéanamh níos éasca trí chóiríochtaí a chur ar fáil do dhaoine uathacha". (duine uathach; duine muinteartha le duine uathach)
>
> "Tá sé tábhacht feasacht a ardu maidir le…bealaí ar féidir linn ar fad tacú le difríochtaí céadfaí, foghlama agus cumarsáide éagsúla sa saol laethúil agus conas timpeallachtaí égsúla a chur in oiriúint do na riachtanais sin (soilsiú, fuaim, sosanna gluaiseachta etc.)." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha; )

## Aird a tharraingt ar chearta aonair agus ar chomhionannas

Ba cheart don fheachtas aird a tharraingt ar an bpointe go bhfuil na cearta céanna ag daoine uathacha is atá ag gach saoránach eile agus tacú lena n-ionchuimsiú, go háirithe nuair a bhíonn rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí á lorg:

> "Mar dhuine uathach, bíonn mé ag súil go gcaithfidh daoine eile liom mar dhuine daonna, go mbeidh na cearta agus na pribhléidí céanna agat is atá ag aon saoránach eile. Níor cheart go mbeadh mé ag fanacht mo shaol ar fad ar an tsochaí chun 'glacadh' liom, agus le m'uathachas freisin." (duine uathach)
>
> "Is í an phríomhtheachtaireacht i ndáil le haon teachtaireacht a bhaineann le hUathachas gur duine aonair é nó í gach duine ag a bhfuil na cearta céanna le haon saoránach eile de réir CNACDM." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha)

## Béim a leagan ar éagsúlacht an uathachais

Ba cheart go leagfadh an feachtas seo béim ar an éagsúlacht atá le tabhairt faoi deara i measc daoine aonair uathacha, lena n-áirítear difríochtaí a bhaineann le láidreachtaí, dúshláin, stíleanna cumarsáide agus riachtanais tacaíochta:

> "Bheadh sé iontach dá ndéanfaí roinnt taighde ar an éagsúlacht a bhaineann le speictream an uathachais. Tá deacrachtaí fós ag daoine nach bhfuil ag teacht leis an tuiscint atá ag daoine ar uathachas (leanbh uathach neamhlabhartha ag a bhfuil míchumas foghlama) daoine a aimsiú chun iad a chreidiúint agus an tacaíocht a theastaíonn uathu a fháil. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine go bhfuil saintréithe éagsúla ag baint le huathachas agus go bhfuil sé chomh héagsúil le heispéiris daoine neamhuathacha." (duine uathach)
>
> "Eolas a roinnt leis an bpobal i gcoitinne…lena n-áirítear feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht a bhaineann le speictream an uathachais agus tacú le glacadh agus le hionchuimsiú." (comhlacht reachtúil)

## Néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil a mhíniú agus tacú lena leithéid

Ba cheart go míneodh an feachtas seo néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil agus go spreagfadh sé daoine chun teacht ar an tuiscint go mbaineann láidreachtaí agus peirspictíochtaí uathúla le bealaí difriúla próiseála agus le bealaí difriúla leis an saol a chaitheamh:

> "Cuir in iúl do dhaoine néaraitipiciúla go bhfuil daoine uathacha díreach cosúil le daoine néaraitipiciúla ach amháin go n-oibríonn inchinn daoine uathacha ar bhealach difriúil rud a chiallaíonn go mbíonn daoine uathacha ag streachailt le rudaí áirithe, ach go n-éiríonn leo rudaí eile a mbíonn daoine néaraitipiciúla ag streachailt leo a chur i gcrích gan aon fhadhb. Chomh maith leis sin, tabhair samplaí de na rudaí a mbíonn gach grúpa ag streachailt leo, agus de na rudaí a n-éiríonn le gach grúpa daoine a dhéanamh gan aon fhadhb, e.g. aird daoine uathacha ar mhionsonraí, scileanna sóisialta do dhaoine néaraitipiciúla....I rith an fheachtais, leag béim ar an bpointe nach bhfuil daoine uathacha níos measa ná daoine néaraitipiciúla, níl ann ach go bhfuil siad difriúil, agus gur cheart éagsúlacht a cheiliúradh agus tacú léi, seachas daoine a náiriú, bulaíocht a dhéanamh orthu agus iad a phíonósú." (duine uathach)

> "Tá ár n-inchinn difriúil, níl ár n-inchinn níos laige....Tarraing aird ar an bhfadhb a bhaineann le 'hionbhá dhúbailte' agus go dtí anois, go raibh an dualgas ar an duine uathach a bheith airdeallach ar a chinntiú go raibh an duine [néaraitipiciúil] compordach seachas a mhalairt, rud nach mó a athrú." (duine uathach; tuismitheoir/caomhnóir duine uathaigh)

> "Tá sé tábhacht feasacht a ardu maidir le néara-éagsúlacht i gcoitinne agus bealaí ar féidir linn ar fad tacú le difríochtaí céadfaí..." (eagraíocht a thacaíonn le daoine uathacha; )

## Teachtaireachtaí eile sainaitheanta

Rinne an dá ghrúpa freagróirí, daoine aonair agus eagraíochtaí, tagairt do na cúig phríomhtheachtaireacht thuasluaite. Bhí roinnt difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara, áfach, idir an dá ghrúpa chomh fada is a bhain leis an anailís théamach a rinneadh ar na príomhtheachtaireachtaí a sainaithníodh lasmuigh den chúig phríomhtheachtaireacht. Le cois na gcúig phríomhtheachtaireacht, theastaigh ó na freagróirí aonair go mbeadh an méid seo a leanas mar thoradh ar theachtaireachtaí an fheachtais freisin:

- Bheadh comhbhá, cineáltas agus atrua ag daoine do dhaoine aonair uathacha fad a bheadh breithiúnas, stiogma agus idirdhealú á ndíspreagadh.
- Beidh comhoibriú agus comhpháirtíocht idir daoine aonair uathacha, a dteaghlaigh, gairmithe agus lucht déanta beartas á spreagadh chun timpeallachtaí tacúla a chruthú.

Chomh fada is a bhain le heagraíochtaí, ar an lámh eile, le cois na gcúig phríomhtheachtaireacht, theastaigh uathu go mbeadh an méid seo a leanas mar thoradh ar theachtaireachtaí an fheachtais freisin:

- Beidh guth an phobail uathaigh á chumhachtú trína taithí saoil a chur san áireamh san fheachtas.

## Tuairimí eile

Sa bhreis ar na ceisteanna thuasluaite, tugadh deis do fhreagróirí tuairimí eile faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas a roinnt. Baineann formhór na dtuairimí seo leis na réimsí gnímh ar fad. San áireamh ina measc bhí éilimh maidir le gníomhartha a rachadh chun feabhais, comhordú agus an comhoibriú idir seirbhísí poiblí, an tábhacht a bhain le haschur intomhaiste agus sonraí maidir le maoiniú na Straitéise, reachtaíocht chun cearta daoine uathacha a threisiú, níos mó béime a leagan ar mhná agus ar chailíní uathacha, níos mó béime a leagan ar aosaigh uathacha, agus diúltú d'idirghabhálacha iompair. Chomh maith leis sin, tharraing roinnt freagróirí aird ar na réimsí breise ar shíl siad ba cheart a chlúdach sa Dréachtstraitéis seo. Tá príomhghnéithe na "dtuairimí eile" seo le fáil thíos bunaithe ar théama.

Tá sé tábhachtach a chur san áireamh freisin go raibh freagróirí áirithe amhrasach faoi chumas na Straitéise an obair a chur i gcrích. Ar an gcéad dul síos, leagadh béim ar an bpráinn a bhain le déileáil leis na príomhdhúshláin atá le sárú ag daoine uathacha agus ag a dteaghlaigh, cosúil le liostaí feithimh le haghaidh seirbhísí agus measúnuithe.

### Níos mó comhordaithe agus comhoibrithe

- Bhí roinnt freagróirí ag lorg comhordú agus comhleanúnachas feabhsaithe tacaíochtaí do dhaoine uathacha, agus moladh "ionad ilfhreastail" le haghaidh tacaíochtaí agus seirbhísí uathachais.
- Leag roinnt freagróirí béim ar an ngá a bhí le seirbhísí poiblí níos comhtháite agus leis an idirghníomhú idir seirbhísí difriúla a chur in iúl go soiléir.

### Torthaí intomhaiste agus maoiniú

- Tharraing roinnt freagróirí aird ar an bpointe go bhfuil sé deacair roinnt gníomhartha a thomhas de bhrí nach ann d'aschur soiléir. Moladh go mbainfeadh na gníomhartha seo tairbhe as bealach chun éifeachtacht a thomhas a chur san áireamh.
- Ainneoin go raibh siad airdeallach ar thréimhse ama 18 mhí na Straitéise, bhí imní ar roinnt freagróirí de bhrí nach raibh mórán spriocdhátaí luaite leis na gníomhartha beartaithe.
- Tharraing roinnt freagróirí aird ar na costais shuntasacha a bhain le cuid de na gníomhartha a ndearnadh cur síos orthu agus thug siad le fios gur shíl siad go dteastaíonn buiséad agus leithdháileadh acmhainní airgeadais ón Straitéis.
- Chomh maith leis sin, bhí daoine ag iarraidh go mbeadh tréimhse ama níos faide luaite leis an Straitéis ionas go mbeadh tionchar níos fiúntaí aici agus go mbeadh tús áite á thabhairt do ghníomhartha beartaithe.

### Reachtaíocht

- Theastaigh ó roinnt freagróirí, go háirithe i measc na n-aighneachtaí eagraíochta, go mbeadh reachtaíocht mar bhonn leis an Straitéis d'fhonn a chinntiú go bhfuil Ranna Rialtais agus comhlachtaí ag cloí leis na gníomhartha a bhfuil cur síos déanta orthu.

## Ionadaíocht do mhná agus do chailíní uathacha

- Tharraing roinnt freagróirí aird ar thearcdhiagnóis daoine uathacha arb é baineann an inscne a sannadh dóibh tráth a mbreithe, mar gheall ar shaintréithe difriúla an uathachais i measc na mban.
- Seachas glacadh leis seo mar thearcdhiagnóis, leag roinnt freagróirí béim ar an bpointe go mídhiagnóisítear uathachas i measc daoine arb é baineann an inscne a sannadh dóibh tráth a mbreithe mar gheall ar shaintréithe difriúla a bheith á dtabhairt faoi deara.
- Bhí freagróirí ag iarraidh go mbeadh béim shonrach á leagan ar uathachas baineann sa Straitéis, go háirithe i ndáil le hoiliúint gairmithe sláinte agus aon fheachtas uathachais.

## Aosaigh uathacha

- Bhí roinnt freagróirí den tuairim go raibh tús áite á thabhairt do leanaí agus d'aosaigh níos óige sa Dréachtstraitéis agus go raibh aosaigh níos sine á ligean i ndearmad.
- Bhí freagróirí ag iarraidh go mbeadh rochtain ar agus soláthar seirbhísí d'aosaigh uathacha á bhfeabhsú chomh fada is a bhain le tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, tacaíocht mheabhairshláinte agus teicneolaíocht chúnta.

## Diúltú d'idirghabhálacha iompair

- Theastaigh ó roinnt freagróirí go ndéanfaí athbhreithniú agus rialáil oifigiúil ar idirghabhálacha modhnaithe iompair do dhaoine uathacha in Éirinn, idirghabhálacha a mheastar atá dochrach (e.g. Anailís Iompraíochta Fheidhmeach (AIF) agus Tacaíocht Iompair Dhearfach (TID)).
- Theastaigh ó roinnt freagróirí go mbeadh gealltanas soiléir á thabhairt sa Dréachtstraitéis nár cheart idirghabhálacha iompair nó comhlíonadhbhunaithe a úsáid le daoine uathacha agus go ndéanfaí an tionchar dochrach atá acu a phlé.
- Sa chomhthéacs oideachais, tarraingítear aird ar an bpointe go bpléitear i nGníomh 2.2 tacú le samhlacha néaraidhearbhaitheacha ach nach n-admhaítear go n-éileodh sé seo úsáid scortha AIF/TID agus teiripí/cuir chuige chomhlíonadhbhunaithe. Ar an mbealach céanna, tagraítear i nGníomh 2.5 do chuir chuige chomhlíonadhbhunaithe a shíl roinnt freagróirí a bhí neamh-néaraidhearbhaitheacha.

## Réimsí eile

- Tharraing roinnt freagróirí aird ar an nganntanas gníomhartha maidir le tithíocht agus maireachtáil chuidithe sa Dréachtstraitéis. Bhí siad ag iarraidh go dtabharfaí aitheantas i dtreoirlínte údaráis áitiúil do dhaoine uathacha mar ghrúpa tosaíochta a bhféadfadh tacaíochtaí ón stát a bheith ag teastáil uatha chun maireachtáil in áit éigin eile seachas teach an teaghlaigh. Leag roinnt freagróirí béim ar an ngá go mbreithneofaí sa Straitéis saincheisteanna trasnacha, lena n-áirítear cine, eitneacht,

neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de, inimirce agus ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil agus sa phobal Romach.

- Leag roinnt freagróirí béim ar an ngá a bheith le breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna cumhdaigh sa Dréachtstraitéis, de bhrí go bhféadfadh daoine uathacha áirithe – go háirithe daoine neamhlabhartha – a bheith níos leochailí do mhí-úsáid agus gur lú an seans go ndéanfadh siad a leithéid a thuairisciú.
- Tharraing roinnt freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le rannpháirtíocht pholaitiúil agus ar an riachtanas a bhain le déileáil le saincheisteanna vótála agus iarrthóireachta a bhí ag daoine uathacha.